


Bus Éireann Tuarascáil Bhliantúil Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2024



Córas Iompair Inbhuanaíthe á chur i bhfeidhm do Chách

Clár na nÁbhar

Buaicphointí	1	An Bord	39
Maidir le Bus Éireann	2	Tuarascáil na Stiúrthóirí	42
Ár gCuid Luachanna	3	Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	51
Príomhpháirtithe Leasmhara	3	Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha	52
Ráiteas ón gCathaoirleach	4	Cuntas Brabúis agus Caillteanais	55
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	8	Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	56
Súil Siar ar an mBliain	14	Clár Comhardaithe	57
Inbhuanaitheacht	26	Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna	58
Athbhreithniú Airgeadais	32	Ráiteas um Shreabhadh Airgid	59
Faisnéis faoin gCuideachta	36	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	60
An Fhoireann Ardcheannaireachta	37		



Buaicphointí

Ioncam	€671.3 milliún
Líon na nAistear Paisinéara	111.6 milliún
Seirbhísí Bóthair do Phaisinéirí	75.9 milliún ciliméadar
% Seirbhísí Sceidealta a Oibríodh	97.3%
Bealaí Iompair Scoile	10,509
Laghdú ar Astaíochtaí CO ₂ ón Díosal*	Laghdú breis is 752,000kg
Bealaí OSP	216
Líon na bPainéal Gréine a Suiteáladh	391kWP = 799 painéal
Líon na Láithreán ina ngintear Fuinneamh Gréine	8
Fostaithe	3,078
Príomhláithreacha	18
Bearna Phá idir Fir agus Mná (i bhFabhar na mBan)	12.20%
Laghdú ar Líon na dTimpistí a tharla d'Fhostaithe	20%

Brabús agus Cailteanas	-€4.2 milliún
Líon na Leanaí ar Sheirbhísí Iompair Scoile	172,509
Seirbhísí Iompair Scoile	179.5 milliún ciliméadar
Scór maidir le Sásamh Custaiméirí	93%
Aistir Phaisinéara le Expressway	4.4 milliún
Líon na Seirbhísí Leictreacha a Oibríodh	1.3 milliún ciliméadar
Bealaí Expressway	14
Méid Fuinnimh Gréine a Gineadh	48GWh
% Láithreáin ina ngintear Fuinneamh Gréine vs an t-iomlán	18.6%
Náisiúnachtaí	58
Uaireanta an Chloig Oiliúna	11,000
Earcaithe Nua in 2024 (Mná)	74
Fostaithe Nua	500

* Comparáid idir flít EV agus díosal

Maidir le Bus Éireann

Is é an misean atá againn daoine agus pobail a nascadh le chéile ar bhealach inbhuanaithe, chun feabhas a chur ar an saol.

Is é an fhís atá againn an cháil a bheith orainn gur ceannairí domhanda muid i réimse an iompair phoiblí inbhuanaithe, líon na n-aistear paisinéara a dhúbailt trí sheirbhísí nua a bhunú, a bheith sármhaith ó thaobh oibríochtaí agus seirbhís do chustaiméirí de, agus an t-aistriú chun gnó atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de a chur chun cinn.



Ár gCuid Luachanna



Sábháilteacht



Tús Áite do
Chustaiméirí



Comhoibriú
agus Meas



Feidhmíocht



Pleanáil
Chun Cinn



Pleanáil
Chun Cinn

Horizon 2028

OUR VISION FOR GREEN GROWTH

Príomhpháirtithe leasmhara



An Roinn Iompair
Department of Transport



An Roinn Oideachais
Department of Education



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection



Ráiteas ón gCathaoirleach



Agus an rialtas ag díriú go tréan ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar an fhreagracht chomhshaoil, is mó an tábhacht ná riamh atá lenár dtiomantas do réitigh iompair ghlasa, éifeachtúla a chur ar fáil.

Agus an rialtas ag díriú go tréan ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar an fhreagracht chomhshaoil, is mó an tábhacht ná riamh atá lenár dtiomantas do réitigh iompair ghlasa, éifeachtúla a chur ar fáil.

Táimid meáite ar an gcuuspóir sin a chomhlíonadh agus tá sé sin ina mhisean uileghabhálach ag ár n-eagraíocht.

Ní mór dúinn inbhuanaitheacht airgeadais na cuideachta a chinntiú freisin, áfach. In 2024, éacht iontach a bhí ann gur bhaineamar amach sprioc an rialtais i dtaobh cur leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, ach chuaigh an staid airgeadais ina bhfuilimid in olcas ag an am céanna, rud nach mór dúinn díriú go tréan, díograiseach air, ionas nach é amháin go mbeimid in ann cur le líon na bpaisinéirí, ach go ndéanfaimid é sin ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, lena chinntiú gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa ghnólaacht.

Cailteanas €4.2 milliún a rinneamar in 2024, agus ba iad na costais a bhí ar ár ngnó tráchtála ba chúis le cuid mhór de sin. Ní fhaigheann ár ngnó tráchtála fóirdheontas ón stát agus ní mór méadú ar na costais a chúiteamh le hioncam. Cé go ndearnamar níos mó airgid de bharr breis paisinéirí a iompar, ní raibh an méadú sin ar leibhéal a chinnteodh go mbeadh brabús le déanamh ar ár seirbhísí tráchtála go léir.

Ní raibh sruthanna brabúis féideartha eile ar fáil i mbliana ach oiread.

Feidhmímid an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais ar an mbonn go n-íoctar ár gcostais linn. Oibrímid bealaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus cé go mbíonn an deis ann brabús réasúnta a dhéanamh agus dreasachtaí a fháil ar bhonn an chonartha, gearradh pionóis airgid orainn de bharr cháilíocht na seirbhíse, ionas go ndearnadh an brabús réasúnta a fhritháireamh, agus ba é a tharla i ndáiríre nach ndearnadh ach na costais a chlúdach faoin gconradh.

Ba é an dúshlán ba mhó a bhí romhainn maidir le cáilíocht seirbhíse ná feabhas a chur ar an bponcúlacht, rud a raibh muid ag streachailt leis ar feadh cuid mhaith den bhliain de cheal acmhainní agus mar gheall gur thóg sé tamall orainn tiománaithe agus meicneoirí nua a fhostú agus a thraenáil i rith na bliana. Cé gur éirigh lenár bhfeachtais earcaíochta do mheicneoirí agus do thiománaithe, ní fhéadfaí toradh a bhaint amach ar an

In 2024, sheolamar straitéis uaillmhianach nua, *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth*, lena dtreorófar an dul chun cinn a dhéanfaimid sna cúig bliana amach romhainn.

bpointe agus bhí sé ag teannadh le deireadh na bliana sular fostaíodh daoine. Faoin am sin, bhí sé deacair na hathruithe a chur i bhfeidhm go tapa chun teacht lenár dtimpeallacht oibriúcháin, rud a chuideodh linn asbhaintí faoinár gconradh a sheachaint.

Is léargas tábhachtach é sin ar féidir linn foghlaim uaidh agus é a bheith ina dtreoir againn feasta. Tá borradh mór faoin ngnó atá ar bun againn. Ach de réir mar a fhásaimid, ní mór dúinn a chinntiú freisin go gcuirfimid acmhainní agus cistiú ar fáil go diongbháilte agus go tráthúil chun freastal ar an bhfás sin – lena chinntiú gur féidir linn na spriocanna atá leagtha síos faoinár gconradh a bhaint amach agus go gcuirfimid lenár seirbhísí ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de freisin.

2024 – Dírithe ar ár bhfís don fhás glas a chur i bhfeidhm

In 2024, sheolamar straitéis uaillmhianach nua, *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth* [Fís 28 – Ár bhFís don Fhás Glas], lena dtreorófar an dul chun cinn a dhéanfaimid sna cúig bliana amach romhainn. Leis an straitéis sin, tá sé beartaithe dlús a chur faoin méadú ar líon na bpaisinéirí, chun neartú a dhéanamh ar an ról atá againn i ngréasán iompartha poiblí na hÉireann, agus chun an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud na tíre.

Chuireamar os cionn 111 milliún aistear paisinéara ar fáil i mbliana: sin an méid is mó daoine riamh atá ag baint úsáid as Bus Éireann chun nascadh leis na daoine agus na rudaí is ansa leo, rud a threisióinn an ról tábhachtach atá againn i réimse an iompair phoiblí mar chuideachta náisiúnta busanna na hÉireann.

Is é croílár ár gcuideachta dúthracht agus cumas nuálaíochta ár bhfostaithe agus an obair chrua a dhéanann siad. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir as a dtiomantas gan staonadh, as a rannpháirtíocht dhíograiseach le páirtithe leasmhara agus pobail, agus as an ról a imríonn siad chun ár mbusanna a chur ar an mbóthar gach lá. Agus muid sa tréimhse seo ina bhfuil athrú ó bhonn ag teacht ar an iompar poiblí, tá a gcuid iarrachtaí fós ríthábhachtach lena chinntiú go ndéanfaimid an dul chun cinn is gá i ndáil le cúrsaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta chun freastal ar gach pobal, agus muid ag díriú an tráth céanna ar riachtanais na ndaoine is mó a bhíonn ag brath orainn.

I measc éachtaí na bliana bhí seoladh an chéad ghréasán iompartha phoiblí cathrach réigiúnach lánleictreach in Éirinn, i gcathair Luimnigh. Tá athrú ó bhonn ina chuspóir ag an tionscadal sin, lena dtógtar ar an méid a foghlaimíodh ó Thionscadal Pathfinder 2023 an Rialtais i mBaile Átha Luain, rud a léiríonn arís eile ár dtiomantas don nuálaíocht agus don tsoghluaisteacht inbhuanaithe.

I bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch atá fós ann, lena n-áirítear costas maireachtála ard agus leibhéal ard boilscithe, i margadh earcaíochta dúshlánach ina bhfuil an lánfhostaíocht i réim, geall leis, bhunaíomar an feachtas earcaíochta is mó riamh dár gcuid chun cabhrú linn freastal ar an éileamh méadaithe ar ár seirbhísí agus cur le scála na seirbhísí sin. Beagnach 3,100 duine fostaí atá ag Bus Éireann anois agus de réir mar a mhéadaíonn ár bhfórsa saothair, tuigimid go mbeidh infheistíocht bhreise ag teastáil chun tacú le luachanna agus cultúr beo ár gcuideachta, lena n-áirítear an bhéim leanúnach a chuirimid ar shábháilteacht, ar thús áite don chustaiméir agus ar chleachtas inbhuanaithe.

Tá an Bord ag díriú ar an gcaoi a ndéanaimid bainistiú ar fhás agus é á chinntiú an tráth céanna go bhfuil bunchloch dhaingean fúinn chun ár bhfís a bhaint amach maidir le saol níos glaise agus níos nasctha. Ní mór inbhuanaitheacht airgeadais, bonneagar caipitil le haghaidh acmhainneachta agus dícharbónú, agus cultúr láidir atá dírithe ar chomhoibriú agus ar na custaiméirí a bheith againn agus muid ag fás agus ag cur le scála na n-oibríochtaí. Tá borradh faoin iompar poiblí anois le dhá bhliain anuas agus fáiltímh roimh na gealltanais bhreise a tugadh i dtaobh cur leis na seirbhísí iompair phoiblí trí thionscnaimh ar nós Bus Connects, Éire á Nascadh agus leathnú na Scéime Iompar Scoile a fógraíodh faoin gClár nua don Rialtas i mí Eanáir 2025.

Teacht le pleananna an Rialtais agus Méadú don Am atá Romhainn

Beidh ról ríthábhachtach ag beartais an Rialtais agus tionscnaimh náisiúnta, amhail an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Plean um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, chun borradh a chur faoin iompar poiblí. Leis an gConradh Dírdhámhachtana 2024-2028 a síníodh i mí na Nollag 2024, mar aon le tionscadail chaochlaithe mar BusConnects agus Éire á Nascadh, tá an-deis r againn le haghaidh leathnú agus feabhsú seirbhíse, rud a rachaidh chun tairbhe na gcéadta pobal ar fud na hÉireann.

Fágann an cúram atá orainn faoi CBT23, lena gcuirtear ceangal dlí orainn a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de faoi 2050, go bhfuil an deis againn tionscadail athnuachana caipitil a luathú agus teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a chomhtháthú. Ní hamháin go bhfuil an t-aistriú sin riachtanach – is deis é chun bheith inár gceannródaithe maidir leis an iompar inbhuanaithe agus tá áthas orm go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh againn leis an aistriú sin, agus leictiríú déanta ar ár seirbhísí cheana féin i gcás na ngréasán bus i mBaile Átha Luain agus i gCathair Luimnigh.

I gcomhréir leis na gealltanais sin, d'fhaomh an Bord an leagan nuashonraithe de Straitéis Inbhuanaitheachta 2024-2030. Leagtar síos sa straitéis sin an plean oibre atá againn chun bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de, agus sainítear ár dtionchar sóisialta agus ár gcuispóirí rialachais inti chomh maith. Ina theannta sin, in 2024, d'fhoilsíomar an chéad Ráiteas Inbhuanaitheachta dár gcuid. Trí phrionsabail an dea-rialachais a léiriú go réamhghníomhach, táimid ag treisiú ár gceannaireachta trí sheirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe a chur ar fáil agus trí thagarmharc a leagan síos don fhreagracht chorpóraideach ar fud an tionscail.

Agus na creataí treorach sin i bhfeidhm, táimid tiomanta do chóras iompair phoiblí níos glaine, níos éifeachtaí agus níos cuimsithí a chur ar fáil d'Éirinn.





Ag Comhoibriú ionas go mbeidh Rath orainn in 2025

Táim thar a bheith buíoch as tacaíocht agus sainchúram an Bhoird Stiúrthóirí agus na foirne ceannaireachta a chuidigh linn leibhéal fáis na bliana seo caite a bhaint amach, agus go háirithe as an gcaoi a bhfuil siad ag díriú gan staonadh ar an ngnó a chur sa riocht gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna na toadhcháí. Táim buíoch go háirithe as an tacaíocht agus an treoir a fhaighimid ónár bpríomhpháirtithe leasmhara. Tugann siad léargas agus treoir fhíorluachmhar dúinn agus cruth á chur againn ar fhís Bhus Éireann don fhás glas. Eascraíonn an straitéis *Horizon 2028* as taighde fairsing, as an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, agus as an machnamh a rinneamar féin, agus cinntítear léi go mbeimid seasta ag díriú ar an misean atá againn ón gcéad lá riamh, agus muid ag tapú deiseanna nua agus ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le hearnáil iompair atá ag athrú go tréan.

Agus muid ag breathnú romhainn, aithnímid go bhféadfadh dúshláin éagsúla dul i bhfeidhm ar ár dtimpeallacht oibriúcháin. Ní mór dúinn ár mbealach a dhéanamh go cúramach, straitéiseach mar gheall ar luaineachtaí sa soláthar fuinnimh agus mar gheall ar na costais a bheith ag dul i méid. Ina theannta sin, mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le héiginnteacht gheopholaitiúil, le bagairtí cibearshlándála, agus leis an mbaol go dtarlódh géarchéim dhomhanda sláinte eile, ní mór dúinn teacht aniar a bheith

ionainn agus ár gcur chuige a chur in oiriúint do chúinsí an tsaoil. Is amhlaidh atá anois go háirithe mar go bhfuil an staid airgeadais ina bhfuilimid imithe in olcas, agus cé gur ábhar díomá é cailteanas €4.2 milliún a thuairisciú i leith 2024, díreimid in 2025 ar ár bhfeidhmíocht airgeadais a fheabhsú, lena chinntiú go mbeidh ár bplean fáis inbhuanaithe agus gur féidir é a chur i ngníomh.

Táim buíoch as an tacaíocht fuaireamar le bliain anuas agus le linn théarma an Rialtais deiridh ó Eamon Ryan TD, an tAire Iompair, ó Norma Foley TD, an tAire Oideachais, agus ó na hoifigigh sna Ranna sin. Fáiltím roimh an deis anois a bheith ag obair le Darragh O'Brien, an tAire Iompair nua, agus le Helen McEntee, an tAire Oideachais, agus guím gach rath orthu ina ról nua agus iad i gceannas ar an gclár oibre don Rialtas nua. Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil freisin leis an dá ghníomhaireacht a bhíonn ag obair i ndlúthchomhar linn ionas go mbeidh rath orainn – an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus ár bpríomh-scairshealbhóir, CIÉ. Ag obair as lámha a chéile dúinn, táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag díriú ar an bhfís atá againn araon chun cur leis na seirbhísí iompair phoiblí anois agus do na glúnta atá le teacht.

Miriam Hughes
Cathaoirleach

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach



Tá an earnáil iompair ag éirí níos iomaíche, agus tá tairiscintí seirbhíse nua fós ag dul i bhfeidhm ar an margadh iompair phoiblí agus á mhéadú.

Bhí borradh mór faoi líon na bpaisinéirí arís in 2024, agus rinne Bus Éireann 111.6 milliún aistear, sin méadú 4.3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is teist é an fás sin ar an éileamh láidir ar ár seirbhísí ar fud na n-earnálacha go léir agus ar thiomantas na bhfostaithe, a chuireann ár seirbhísí ar fáil ó lá go lá, ar bhealach chomh sábháilte agus is féidir. Tháinig ardú 7% ar ár seirbhísí OSP, tháinig méadú 4% ar na seirbhísí Expressway, agus tháinig méadú 2% ar na Seirbhísí Iompar Scoile ionas go ndéanaimid 58 milliún aistear san iomlán anois agus seirbhís phoiblí thar a bheith luachmhar á cur ar fáil againn do phobail áitiúla agus pobail tuaithe. Léiríonn na figiúirí sin gur príomhghníomhaí muid in earnáil iompair phoiblí na hÉireann, agus léiríonn siad an mhuinín atá ag ár gcustaiméirí as ár seirbhísí.

Chomh maith leis an mborradh a tháinig faoi líon na bpaisinéirí, ní mór dúinn a admháil freisin go bhfuil go leor deiseanna feabhais a chaithfimid a thapú fós agus muid ag díriú ar ár straitéis chorpóraideach, Horizon 2028, a chur i ngníomh. Chuideodh sé lenár gcustaiméirí dá bhfeabhsóimis poncúlacht ár seirbhísí agus tráthúlacht na faisnéise fíor-ama. Díreofar go príomha ar na réimsí sin in 2025 ós rud é go mbeidh orainn leanúint ar aghaidh ag dul in oiriúint do thimpeallacht oibriúcháin athraitheach, daonra atá ag fás agus brú tráchta méadaithe ionas gur féidir linn leanúint leis an bhfás, muinín a chothú i measc ár gcustaiméirí agus athrú iomlán córa iompair a bhaint amach san fhadtréimhse. Leanfaimid orainn ag iarraidh tosaíocht níos airde a bheith ag na seirbhísí iompair phoiblí ar na bóithre, agus ag féachaint lenár n-oibríochtaí a bheachtú agus a bharrfheabhsú agus leibhéal seirbhíse níos airde fós a bhaint amach, anuas ar an dul chun cinn a rinneamar le blianta beaga anuas, chun freastal ar na riachtanais atá agus a bheidh ag ár gcustaiméirí, dream a bhfuil an-mheas againn orthu.

Ag Dul in Oiriúint don Athrú

Agus muid ag breathnú romhainn, is léir go gcaithfidh Bus Éireann dul in oiriúint do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. Mar gheall ar an dul chun cinn i dtaobh na teicneolaíochta de, ionchais níos mó a bheith ag ár gcustaiméirí, agus béim níos mó agus níos mó a bheith á leagan ar chleachtas inbhuanaithe, táimid ag uair na cinniúna anois. Tá an earnáil iompair ag éirí níos iomaíche, agus tá tairiscintí seirbhíse nua fós ag dul i bhfeidhm ar an margadh iompair phoiblí agus á mhéadú. Mar sin, ní mór dúinn a bheith in ann freastal ar chúinsí athraitheacha agus freagairt dóibh. Maidir leis sin, is díol suntais é nach é amháin go bhfeidhmíonn Bus Éireann Conradh Dírdhámhachtana nua i leith seirbhísí OSP, a

In 2024, sheolamar straitéis uaillmhianach nua, *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth*, lena dtreorófar an dul chun cinn a dhéanfaimid sna cúig bliana amach romhainn.

comhaontaíodh i mí na Nollag 2024, ach, chomh maith leis sin, go bhfeidhmímid trí chonradh OSP éagsúla thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair, conarthaí a dámhadh orainn de bharr próiseas soláthair iomaíoch. Freastalaíonn na seirbhísí sin ar Chathair Phort Láirge, ar Bhaile Cheatharlach agus ar Chonair Chomaitéireachta an Oirthir. In 2024, fógraíodh gurbh é Bus Éireann a chuir isteach an tairiscint arbh fhearr don tseirbhís 245x (Corcaigh go Baile Átha Cliath) agus cuirfear tús leis an gconradh sin go luath in 2025. Is príomhspríoc inár bplean straitéiseach é a chinntiú go bhfanfaimid iomaíoch chun tairiscintí a bhuachan, agus go gcoinneoidimid na conarthaí sin ar bhonn cáilíochta agus costais.

Ionas go n-éireoidh linn san fhadtréimhse, tá sé ríthábhachtach go nglacfaimid go fonnmar leis an nuálaíocht, i réimse na teicneolaíochta go háirithe, agus go mbeimid i gcónaí iomaíoch i margadh a bhíonn de shíor ag athrú. Tá áthas orm go bhfuil tús curtha againn leis an bpróiseas chun ár seirbhísí Iompair Scoile a dhigitiú agus, ag teannadh le deireadh 2024, leagamar síos an bhunchloch le haghaidh mórthionscadal digiteach faoina ndéanfar gaireas ticéadaithe cliste a shuiteáil i 7,500 feithicil ar fud na hÉireann. Meastar go ndámhfar an conradh sin in 2025.

Tá an t-éileamh ar réitigh iompair inbhuanaithe ag dul i méid, agus táimid tiomanta do bheith inar gceannródaithe sa réimse sin. Baineann an-tábhacht leis an aistriú chuig feithicil atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de agus leis an infheistíocht leanúnach i mbreoslaí malartacha agus foinsí fuinnimh chun freastal ar ionchais na gcustaiméirí agus chun ár n-oibleagáidí aeráide náisiúnta a chomhlíonadh. Ach an gnó a athrú ó bhonn ar an gcaoi sin, beimid i riocht fáis agus ratha amach anseo..

Ag Coinneáil Suas leis na hAthruithe san Earnáil

Tá athruithe as cuimse ag tarlú san earnáil iompair phoiblí. De bharr iomaíocht mhéadaithe ó oibreoirí idirnáisiúnta agus seirbhísí soghluaisteacha a bheith ag teacht chun cinn, tá samhlacha seanbhunaithe á gceapadh as an nua anois. Ag an am céanna, tá bacainní airgeadais orainn de bharr costais oibriúcháin mhéadaithe agus brúnna boilscithe, agus is dúshlán fós i dtaobh an fháis é an deacracht atá ann tiománaithe agus meicneoirí oilte a fhostú. Ina theannta sin, is féidir leis an ngá atá le hinfeistíocht fhadtéarmach i mbonneagar iompair scoile, aistriú chuig astaíochtaí nialasacha, ganntanas scileanna lucht saothair, agus cibear-rioscaí cur isteach ar bhaint amach ár spriocanna agus ár gcuspóirí maidir le soláthar seirbhíse, agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin go fóill trí chistiú agus trí chomhoibriú leis na páirtithe leasmhara go léir.

Faoinár gconarthaí OSP, ní mór spriocanna a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh, agus táimid fós meáite ar sin a dhéanamh. In 2024, mar gheall ar dhúshláin earcaíochta go háirithe, níor éirigh linn spriocanna áirithe cáilíochta seirbhíse a leagadh síos a bhaint amach agus ghearr an tÚdarás Náisiúnta Iompair pionóis mhóra orainn dá réir, ionas go ndearnadh fritháireamh a bheag nó a mhór ar an mbrabús réasúnta a d'fhéadfaimis a dhéanamh ar an gConradh Dírdhámhachtana. Thóg sé tamall orainn píblíne láidir earcaíochta a fhorbairt ach baineadh amach an sprioc sin roimh dheireadh na bliana i gcás fhormhór na láithreacha, agus ba cheart gur fearr a bheimid in ann na spriocanna a bhaint amach in 2025 dá bharr sin.

Tá Bus Éireann fós meáite ar neartú a dhéanamh ar a ról agus príomhsheirbhís náisiúnta busanna na hÉireann á rith againn. Is é an uaillmhian atá againn an cháil a bheith orainn gur ceannródaí domhanda muid san earnáil iompair phoiblí, agus chuige sin táimid ag tagarmharcáil

ár bhfeidhmíocht i gcoinne an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Ní hamháin go spreagfaidh an cur chuige straitéiseach sin sármhaitheas oibriúcháin ach cothóidh sé cultúr feabhsúcháin leanúnaigh freisin, lena chinntiú go mbeidh fonn ar ár bhfostaithe freastal ar riachtanais nua ár gcustaiméirí agus go mbeidh siad ullamh ina leith sin.

Ár bhFís don Fhás Glas a Chur i nGníomh

I mí Feabhra 2024, chuireamar i láthair *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth*, straitéis cúig bliana ina bhfuilimid ag breathnú romhainn chun Bus Éireann a stiúradh. Ag croílár na straitéise sin tá tiomantas láidir don inbhuanaitheacht, agus leagtar béim ar spriocanna uailmhianacha maidir le hastaíochtaí a laghdú agus aistriú chuig córacha iompair níos inbhuanaithe. Tá cuspóirí soiléire leagtha síos againn chun astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030, agus é ina aidhm againn a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí de faoi 2050, i gcomhréir le spriocanna náisiúnta aeráide.

Chun tacú leis na spriocanna sin, sheolamar ár Straitéis Inbhuanaitheachta 2024-2030 i samhradh na bliana 2024. Tugtar treochlár cuimsitheach sa straitéis chun ár gcuspóirí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) a bhaint amach, agus an inbhuanaitheacht á comhtháthú i ngach gné dár gcuid oibríochtaí. Mar chuid den ghealltanas sin, d'eisíomar an chéad Ráiteas Inbhuanaitheachta dár gcuid, i bhfad roimh an spriocdháta a bhí leagtha síos, rud a chuireann leis an gcáil atá orainn i dtaobh a bheith inár gceannródaí maidir le hiompar poiblí inbhuanaithe agus rialachas freagrach.

Baineadh amach cloch mhíle nach beag ar an aistear chun na hinbhuanaitheachta nuair a sheolamar an chéad ghréasán bus cathrach réigiúnach lánleictreach in Éirinn,

i gcathair Luimnigh. Leis an tionscnamh úrnua sin, ina ndearna an tÚdarás Náisiúnta Iompair infheistíocht €54 milliún, cuireadh 34 bus nua ceallra-leictreach dhá urlár ar an mbóthar. San iomlán, clúdóidh na feithiclí sin os cionn 2.1 milliún ciliméadar, saor ó astaíochtaí, in aghaidh na bliana.

Ina theannta sin, léirigh an triail a bhaineamar as breosla ola glasaí hidrea-chóireáilte (HVO) i mBéal an Átha, ar thrí bhus scoile, an deis atá le tapú i leith breoslaí malartacha agus féachfaimid le tuilleadh úsáide a bhaint as an mbreosla sin i mbusanna eile in 2025, agus muid ar an mbóthar chuig saol atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de.

Sármhaitheas Oibriúcháin agus Leathnú Seirbhíse

Bhain Bus Éireann amach leibhéal iontach fáis in 2024. Rinneamar os cionn 111 milliún aistear paisinéara chun daoine agus pobail a nascadh ar bhealach inbhuanaithe, rud a chuireann feabhas ar an saol. I mí na Nollag 2024, shíníomar Conradh Dírdhámhachtana nua cúig bliana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chun freastal ar 205 bealach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar fud shráidbhailte, bhailte agus chathracha réigiúnacha na hÉireann. Oibrímid 11 bhealach eile faoi chonarthaí OSP, sin 216 bealach OSP san iomlán. Ag an am céanna, táimid meáite ar ár seirbhísí a fhás agus a chomhtháthú, mar a léirítear le leathnú na seirbhísí feadh Chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse chun cabhrú le daoine taisteal idir an t-aerfort, eastáit thionsclaíocha agus scoileanna. Bhí 31 tiománaí nua agus naoi bhfeithicil nua ag teastáil chun freastal ar an tionscnamh mór sin, a rinneamar le cabhair ón Údarás Náisiúnta Iompair, ón Roinn Iompair, agus ón Roinn Oideachais. Leis an leathnú sin ar ár seirbhísí, tiomáinfear breis agus aon mhilliún ciliméadar breise in aghaidh na bliana, agus beidh leanaí scoile atá incháilithe faoin Scéim Iompair Scoile in ann taisteal ar bhealaí sceidealaithe OSP.



Faoin gClár Cúnaimh Taistil, éascaítear cuimsiú agus taisteal neamhspleách do chustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus tá sé ar cheann de na tionscnaimh is fearr chun tacú lenár gcustaiméirí agus a dteaghlaigh ionas go mbeidh fonn orthu leas a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí. D'éirigh thar barr leis an gclár i gCorcaigh, agus leathnaíodh é go Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge in 2024. Faoin samhradh, bhí 1,000 babhta cúnaimh curtha ar fáil, rud a chuir arís eile lenár dtiomantas don inrochtaineacht, luach atá fós ina phríomhthosaíocht dár gcuideachta. Bhaineamar ráta ratha 99% amach maidir le háirithintí lena gcuidítear le daoine i gcathaoir rothaí ar fud na seirbhísí go léir i rith na bliana. An bhliain seo chugainn, agus aird againn ar an méid a foghlaimíodh, déanfaimid ár ndícheall ráta 100% a bhaint amach.

Ní féidir freastal ar an mborradh faoin éileamh, seirbhísí a leathnú agus feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair seirbhíse gan na hacmhainní agus na scileanna riachtanacha a bheith ar fáil dúinn. In 2024, tháinig an earcaíocht chun bheith ina príomhthosaíocht straitéiseach dár ngnó mar gheall ar an ngá a bhí le seirbhísí nua dár ngnóthaí OSP agus Scoileanna go háirithe. In 2024, tháinig 500 fostaí nua ag obair linn, rud a d'fhág go raibh breis is 3,000 fostaí againn den chéad uair riamh. Chuige sin, bhí gá le straitéis earcaíochta úrnua, acmhainní breise oiliúna do thiománaithe agus, i gcás ár n-iostaí agus ár ngaráistí, chuireamar i bhfeidhm ath-ailíniú pá do cheardaithe, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, lena chinntiú go raibh pá cothrom á íoc lenár bhfostaithe díograiseacha sa chaoi go bhféadfaimid díriú ar fhostaithe a choinneáil, agus ní díreach ar an earcaíocht aisti féin i leith an róil thábhachtaigh sin.

Chun cur le cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí Expressway, chomhaontaíomar cistiú le haghaidh 32 feithicil nua, rud a dhaingnigh an tiomantas atá againn maidir le seirbhís idirchathrach den chéad scoth a chur ar fáil. Is cinneadh suntasach é an infheistíocht sin a rinneamar féin inár seirbhís tráchtála agus cabhróidh sé linn cur leis an ioncam is féidir linn a shaothrú agus leis an gcaighdeán seirbhíse is féidir linn a chur ar fáil faoin mbranda Expressway.

I gcás na seirbhísí iompair scoile, bhíomar ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile. Leis an triail a baineadh as na critéir incháilitheachta faoin treoirthionscnamh i gCo. an Chláir, cuireadh bonn eolais faoina lán gnéithe den uailmhian chun cur leis an scéim ionas go bhféadfar freastal ar 100,000 leanbh breise faoi 2030. In 2024, chuireamar seirbhís ar fáil ar bhreis is 10,500 bealach, agus bhí níos mó ná 8,000 feithicil agus 1,400 oibreoir i gceist leis sin. Is í seo an scéim is mó dá leithéid san Eoraip agus in 2025 beimid ag obair i gcomhar leis an Roinn ar an bplean acmhainní agus teicneolaíochta a bheidh ag teastáil uathí chun uailmhian fhadtéarmach na scéime a chomhlíonadh.

Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de

Cé go ndearna Bus Éireann leathnú ar sheirbhísí in 2024, tá dúshlán mhóra airgeadais le sárú againn i gcónaí. De bharr costais oibriúcháin a bheith ag ardú, costais bhreise fruilithe bus chun seirbhísí a choinneáil ar bun i gcomhthéacs ganntanas foirne agus feithicilí, asbhaintí ar bhonn cáilíocht seirbhíse ar ár gconarthaí OSP, ar chúiseanna poncúlachta den chuid is mó, mar aon le brú leanúnach ar chostais de bharr an bhoilscithe, níl an toradh airgeadais a bhaineamar amach chomh maith agus a bhí beartaithe againn. Tar éis dúinn cóimheá airgid a bhaint amach in 2023, is cúis díomá é caillteanas €4.2 milliún a thuairisciú in 2024 agus is ábhar rithábhachtach don lucht bainistíochta agus don Bhord in 2025 é dul i ngleic leis na príomhcheisteanna costais agus seirbhíse lena chinntiú go ndéanfaidh an gnó brabús arís.

Beidh orainn cistiú agus infheistíocht inbhuanaithe a fháil chun ár gcuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha a bhaint amach, go háirithe i réimsí amhail acmhainneacht seirbhíse a leathnú, poncúlacht a fheabhsú (rud a mbeidh gá le breis tiománaithe agus feithicilí ina leith ar bhealaí áirithe), ár seirbhísí a dhícharbónú, agus seirbhís shármhaith a chur ar fáil, rud a mbíonn coinne ag ár bpaisinéirí leis. Leanfaimid de bheith ag comhoibriú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, agus leanfaimid ag lorg na hinfeistíochta is gá chun ár bpleananna a chur i ngníomh, agus, an tráth céanna, ag iarraidh arduithe costais a choinneáil faoi smacht agus a íoslaghdú. Faoin gClár nua don Rialtas, tá gealltanais á dtabhairt go fóill i leith tionscadail mhóra ar nós leathnú na Scéime Iompar Scoile, Bus Connects agus Éire á Nascadh, agus ní mór dúinn féachaint chuige go mbeimid ag obair le chéile chun na tionscnaimh sin a chur i gcrích ionas gur féidir linn ár bhfís don saol atá uainn a bhaint amach.

Tiomantas do Shábháilteacht agus Iontaofacht

Anseo i mBus Éireann, tugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine ár bpaisinéirí agus ár bhfostaithe, cibé céard a dhéanaimid. Is cúis mhór bhróid againn é a thuairisciú nach bhfuair aon duine bás inár n-ionaid oibre ná i ndáil lenár seirbhísí in 2024. Is toradh díreach é an mór-éacht sin ar an gcomhoibriú leanúnach agus an obair spriocdhírthe lenár gcomhairlí sábháilteachta ar fud na tíre, ar an idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara ar nós an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, ar infheistíochtaí i dteicneolaíocht sábháilteachta, ar chlár oiliúna dár dtiománaithe, agus ar ár dtiomantas leanúnach do phleananna chun tuairteanna agus timpistí a sheachaint.

Tá sonraí, léargas agus forbairt ár gcultúir sábháilteachta ríthábhachtach maidir le cleachtas sábháilte agus maidir le rioscaí a íoslaghdú. Déanaimid dianfhaireachán ar phríomhtháscairí feidhmíochta, amhail treochtaí i dtaobh tuairteanna, rátaí timpistí i measc paisinéara in aghaidh gach milliún aistear, agus rátaí timpiste i measc na bhfostaithe, chun réimsí a aithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus lena chinntiú go gcomhlíonaimid ardchaighdeán sábháilteachta i gcónaí. Ní hé an sprioc atá againn caighdeán sábháilteachta a chomhlíonadh, ach iad a shárú, ionas go mbeidh gach aistear le Bus Éireann sábháilte do chách.

Ag Tabhairt Aghaidh ar na Dúshláin

Mar atá amhlaidh i gcás go leor eagraíochtaí, tá dúshláin oibriúcháin éagsúla le sárú ag Bus Éireann. Ar cheann de na hábhair is práinní a tháinig i gceist in 2024 bhí ganntanas oibrithe i gCorcaigh, rud a chuir isteach ar ár gcumas an sceideal iomlán seirbhísí a bhí leagtha amach sa tráthchlár a choinneáil ar bun. In ainneoin na n-iarrachtaí móra a rinneamar tiománaithe a fhóstu chun folúntais a líonadh, b'éigean dúinn na seirbhísí a ghearradh siar ar bhonn sealadach ar chúig bhealach i gCorcaigh sa ráithe dheireanach de 2024 ionas go bhféadfaimis seirbhís ní ba chinnte a thairiscint do na paisinéirí agus muid ag coinneáil lenár n-iarrachtaí earcaíochta. Cuireadh an tráthchlár iomlán i bhfeidhm arís, a bheag nó a mhór, faoi mhí Feabhra 2025 agus ní mór leanúint leis an earcaíocht agus muid ag breathnú romhainn chun freastal ar an éileamh amach anseo.

Tá roinnt tionscnaimh straitéiseach curtha i bhfeidhm againn chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe. Áirítear orthu sin feachtais earcaíochta spriocdhírthe atá dírithe ar oibrithe oilte a mhealladh chuig an tionscal bus, chomh maith le feabhsuithe ar ár straitéisí réitigh uainchláir agus ár straitéisí sceidealaithe chun féachaint chuige gur féidir leis na fostaithe atá againn faoi láthair obair níos éifeachtaí a dhéanamh. Ina theannta sin, táimid dírithe ar fhorbairt an lucht saothair a fheabhsú trí oiliúint leanúnach agus deiseanna forbartha gairme, agus muid ag féachaint chuige go mothaíonn ár bhfostaithe go bhfuil tacaíocht ann dóibh agus go bhfuil meas againn orthu.

Beidh sé ríthábhachtach cáil na hiontaofachta, na poncúlachta agus na sármhaitheasa seirbhíse a bheith fós orainn agus an margadh seo ag athrú. Sa chomhthéacs sin, aithnímid freisin go mbeidh trédhearcacht, ardfeidhmíocht, agus tiomantas don éagsúlacht agus don chuimsiú riachtanach chun muinín agus teacht aniar a chothú. Leanfaimid orainn ag díriú ar ár bhféiniúlacht chorpáraideach a neartú, agus féachfaimid chuige go mbeidh an chaoi a ndéileálaimid lenár gcustaiméirí bunaithe ar chroílúachanna Bhús Éireann.

Ag Breathnú Romhainn

Bhí neart ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtíochtaí ríthábhachtach arís chun ár mórchuspóirí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaint amach, ag teacht go dlúth le beartas an rialtais. Cibé atáimid ag cothú pobail nasctha, ag tacú le geilleagair áitiúla, nó ag cur dlús leis an aistriú chuig córas iompair níos glaine agus níos glaise, bhí sé ina thoradh ar ár gcomhiarrachtaí go bhfuil Bus Éireann ag croílár an iompair phoiblí in Éirinn. Léiríodh an tiomantas sin go paiteanta le linn 2024 agus muid ag obair i ndlúthpháirt lenár mBord agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth* a chur i ngníomh. Is é sin é an straitéis cúig bliana ina leagtar amach an treo a thógfaimid agus lena ndaingnítear an ról atá againn maidir le gréasán iompair níos inbhuanaithe a fhorbairt.

Is iad na daoine is bonn i ndáiríre leis an rath a bhíonn orainn – a bhuí lena dtiomantas, a saineolas agus a gcomhlúachanna, éiríonn le Bus Éireann dul chun cinn a dhéanamh. Anois agus foireann thart ar 3,100 duine againn, táimid bródúil as eagraíocht a bheith againn a bhfuil eolas eisceachtúil aici ar chúrsaí iompair, ina bhfuil sármhaitheas oibriúcháin i réim, agus atá meáite ar fhreastal ar phobail ar fud na tíre. Is iad an teacht aniar atá sna baill foirne agus an díograis atá acu is bonn lenár bhfás amach anseo, agus leanfaimid ag infheistiú iontu ionas gur féidir leo iad féin a fhorbairt agus go mbeidh siad faoi bhláth.

Tá an t-ádh orainn comhpháirtíochtaí láidre a bheith againn le hAirí Rialtais, leis na Ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le CIÉ, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn an deis iontach seo a thapú chun an earnáil iompair phoiblí a athrú ó bhonn. Is é an uaillmhian atá againn go léir dlús a chur leis an ngníomh aeráide agus cur le líon na n-aistear inbhuanaithe, agus tá a thoradh sin le feiceáil anois. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann ardcheannaireachta, lenár mBord, agus go háirithe lenár gCathaoirleach, Miriam Hughes, a chuireann fíis os ár gcomhair agus a thugann treoir dúinn agus muid ag féachaint le sármhaitheas a bhaint amach.

Agus cóir ghaoithe linn anois, tá an-mhuinín go deo agam go leanfaimid ag cur le líon na n-aistear paisinéara, ag tapú deiseanna na nuálaíochta, agus ag baint amach ár spriocanna uaillmhianacha i leith na hinbhuanaitheachta. Ag obair as lámha a chéile dúinn, éireoidh linn earnáil iompair níos nasctha, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a bhaint amach d'Éirinn.



Stephen Kent

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Horizon 2028

Bus Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2024

OUR VISION FOR GREEN

vision

To be recognised as a



Súil Siar ar an mBliain

Forléargas ar an nGnó

D'éirigh go maith le Bus Éireann in 2024, agus tháinig méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí ar fud na seirbhísí go léir. Tús maith a cuireadh leis an mbliain nuair a d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair go raibh sé chun Conradh Dírdhámhachtana nua cúig bliana le Bus Éireann a shíniú, rud a leagan béim ar an ról atá againn mar phríomhsholáthraí seirbhísí iompair phoiblí na hÉireann.

Rinneamar 111.6 milliún aistear paisinéara, an líon ba mhó fós – sin méadú 4.3% i gcomparáid le 2023. Tháinig méadú 7% ar sheirbhísí OSP, tháinig méadú 4% ar Expressway, agus tháinig méadú 2% ar na Seirbhísí Iompair Scoile. Léiríonn na figiúirí sin éileamh leanúnach ar ár seirbhísí agus an rath a bhí ar ár dtionscnaimh straitéiseacha faoi *Horizon 28 – Our Vision for Green Growth*.

Bhí na scóir shásaimh a thug custaiméirí dúinn ag teacht lenár spriocanna faoi Horizon 2028, rud a léiríonn a láidre atá ár soláthar seirbhíse. Cé go bhfuil an leibhéal iomlán sásaimh fós ard, táimid fós ag díriú ar réimsí ar féidir linn feabhas a chur orthu, agus ag cinntiú go gcomhlíonaimid ionchais na bpaisinéirí de réir mar a thagann siad chun cinn. Bhí béim mhór á cur againn ar an inrochtaineacht go fóill, agus d'éirigh le 99% de na háirithintí a rinneadh ar sheirbhís inrochtana le Bus Éireann. Ina theannta sin, mar gheall gur éirigh go geal leis an Scéim Cúnaimh Taistil a bhí i bhfeidhm againn i gCorcaigh, leathnaíodh an tionscnamh go Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, rud a chuir feabhas ar chúrsaí inrochtaineachta do níos mó paisinéirí fós.

Aithníodh ár dtiomantas don inbhuanaitheacht agus don nuálaíocht arís agus arís i rith na bliana. Bronnadh

Gradam um Shármhaitheas maidir le hInbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide ar losta Bhaile Átha Luain ag Gradaim Ghnó Bhaile Átha Luain, rud a dhaingníonn an tiomantas atá againn d'oibríochtaí atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Is léargas é sin ar an dea-thionchar is féidir le Bus Éireann a imirt ar phobail áitiúla ar fud na tíre. Ina theannta sin, is ar Bhus Éireann a bronnadh Gradam Ceannaireachta SEAI um Dhíchárbónú san Earnáil Phoiblí agus Dámhachtain Soghluaisteachta agus Iompair na hInstitiúide Cairte Lóistíochta agus Iompair (CILT) 2024. Aitheantas a bhí ansin ar na hiarrachtaí a dhéanaimid ár lorg comhshaoil a laghdú agus réitigh iompair inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud na tíre.

Ag féachaint chun cinn dúinn, tá Bus Éireann dírithe i gcónaí ar fhás, nuálaíocht, agus ar fheabhas na seirbhíse agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cur cruth ar an earnáil iompair phoiblí a bheidh againn



Buaicphointí i leith Seirbhísí OSP

Tá dul chun cinn nach beag fós á dhéanamh ag Bus Éireann maidir leis an iompar poiblí a nuachóiriú ar fud na hÉireann, agus baineadh éachtaí móra amach in 2024 maidir le leictriú an fhlíit, leathnú seirbhíse, agus feabhsuithe oibríochtúla. Cloch mhíle thábhachtach i mbliana ba ea an chéad chathair sa tír seo a aistriú chuig seirbhís leictreach, rud a rinneadh i Luimneach, agus, anuas air sin, osclaíodh acomhail ilmhódach nua i Stáisiún Colbert, rud a chuireann lenár dtiomantas don iompar inbhuanaithe agus don fhorbairt bonneagair.

I gcoíllár an athraithe sin tá an leictriú ar losta Bus Bhaile an Róistigh, tionscadal ríthábhachtach chun cumas fuinnimh agus bonneagar luchtaithe an iosta a uasghrádú ionas gur féidir freastal ar na héilimh a ghabhann le seirbhísí iompair nua-aimseartha. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chuir cistiú ar fáil don tionscnamh, faoina bhfreastalófar ar aistir a bheidh os cionn 2.1 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí sceithphíopa san iomlán i gceist leo ar fud Luimnigh, céim mhór i dtreo astaíochtaí uirbeacha a laghdú. Tacaíonn an tionscadal le hoibriú 55 bus ceallra-leictreach úrscothach dhá urlár, atá feistithe le hardbhonneagar luchtaithe. Tá 35 stáisiún luchtaithe agus 70 gaireas luchtaithe ag losta Bhaile an Róistigh.

Chomh maith leis an dul chun cinn maidir leis an bhflít a leictriú, tá conarthaí seirbhíse agus feabhsuithe gréasáin fós ina bpríomhthosaíocht againn. I mí na Nollag 2024, chuaigh Bus Éireann i mbun Conradh Dírdhámhachtana nua cúig bliana mar aon le conarthaí OSP eile, chun freastal ar 216 bealach OSP, rud a chinntíonn go mbeidh leanúnachas seirbhíse agus seirbhís chobhsaí ar fáil ar feadh i bhfad do phaisinéirí ar fud na tíre.

Forbairt mhór i mbliana is ea an Treoirhionscadal OSP/Scoileanna ar Bhealach 343 feadh chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse, tionscnamh ceannródaíoch atá dírithe ar sheirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí scoile a chomhtháthú chun a n-acmhainneacht agus a n-inrochtaineacht a bharrfheabhsú. Beidh príomhról ag torthaí an treoirhionscadail sin maidir le leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí scoile agus cur lena n-éifeachtúlacht ar fud na hÉireann.

Tá Bus Éireann fós dírithe ar fhás straitéiseach agus ar leathnú an ghréasáin. In 2024 d'fháiltigh Bus Éireann roimh an dearbhú gur éirigh leis an tairiscint a chuireamar isteach chun Bealach 245X a oibriú, agus muid ag feabhsú na nascachta agus ag cur roghanna taistil níos éifeachtaí ar fáil do phaisinéirí.

Éacht mór eile in 2024 is ea an rath a bhí fós ar an Scéim Cúnaimh Taistil, faoina gcuirtear tacaíocht taistil phearsantaithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó dóibh siúd nach bhfuil taithí acu ar na seirbhísí iompair phoiblí. Bhí Bus Éireann bródúil as an 1,000ú aistear cuidithe a dhéanamh i rith an tsamhraidh, fianaise ar thionchar na scéime a bheith ag dul i méid. Leathnaíodh an tseirbhís go Port Láirge, Gaillimh agus Luimneach, ionas gur féidir le níos mó paisinéirí a bheith ag aireachtáil ar a gcompond agus iad ag taisteal leo féin.

Agus muid ag breathnú chun cinn, tá Bus Éireann fós tiomanta do sheirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe, inrochtana, ardchaighdeán a chur ar fáil. Cibé trí mhórtionscadail chun an flít a leictriú, leathnú seirbhíse, nó feabhsúcháin ó thaobh na hinrochtaineachta de, leanaimid orainn i mbun nuálaíochta agus ag dul in oiriúint do riachtanais ár bpaisinéirí agus ár bpobail.

Beidh ról ríthábhachtach ag Bus Éireann i gcur i bhfeidhm an chlár BusConnects, lena bhféachtar chuige go mbeidh gréasán iompair phoiblí na hÉireann níos éifeachtaí, níos inbhuanaithe agus níos dírithe ar

phaisinéirí. Toisc gur muidne oibreoir náisiúnta na seirbhísí réigiúnacha agus uirbeacha bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, beidh an taithí agus an saineolas atá againn agus ár scála oibriúcháin ríthábhachtach chun na hathruithe uaillmhianacha atá beartaithe faoi BusConnects a chur i bhfeidhm.

Chun an fhís sin a bhaint amach, beidh infheistíocht mhór i mBus Éireann ag teastáil. Teastóidh cistiú agus acmhainní ar bhonn leanúnach chun ár bhflít feithiclí a leathnú, iostaí a uasghrádú, agus feabhas a chur ar mhinicíocht na seirbhísí agus an teicneolaíocht custaiméirí.

Príomhthosaíocht is ea leictriú ár bhflít, rud atá ag teacht le spriocanna na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide. Ach infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar iosta, amhail saoraidí luchtaithe agus córais bainistíochta fuinnimh, beimid in ann busanna saor ó astaíochtaí a rith go héifeachtach i gcathracha mar Luimneach, Gaillimh agus Corcaigh.

Ina theannta sin, beidh sé ríthábhachtach cur le hiontaofacht na seirbhíse a fheabhsú trí bhearta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna ar an mbóthar agus trí fhaisnéis seirbhíse fíor-ama chun níos mó paisinéirí a mhealladh.

Buaicphointí Tráchtála

Is é Expressway an tseirbhís cóistí idir-réigiúnach is mó in Éirinn. Freastalaíonn sé ar 14 bhealach, a nascann beagnach 250 pobal le hollscoileanna, aerfoirt agus ospidéal. In 2024, tháinig méadú 4% ar líon na n-aistear paisinéara ar an ngréasán Expressway, agus d'iompraíomar beagnach 4.4 milliún paisinéir. Tháinig fás nach beag ar an Scéim Saorthaistil agus Scéim na nDaoine Óga, agus bhí borradh faoin taisteal chuig na haerfoirt agus ar ais uathu. Tugadh an-aird ar 'The Long Run', fógra nua Expressway faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chuidigh sé le méadú 6% ar líon na bpaisinéirí a spreagadh.



Bhí an-tóir ar lascaíní nua ar líne ag amanna seachbhuaice agus ar lascaíní do mhochóirí. Ceannaíonn os cionn leath de chustaiméirí Expressway a gcuid ticéad anois trí www.expressway.ie, áit ar féidir leo suíochán a chur in áirithe roimh ré agus a chinntiú go mbeidh áit ar an gcóiste dóibh. Tugadh isteach roghanna nua d'oibrithe hibrídeacha freisin nuair a seoladh ár dticéad Sé Aistear, pas taistil ar lascaíne lenar féidir trí aistear fillte a dhéanamh i dtréimhse seacht lá.

Ag díriú ar thodhchaí na cuideachta dúinn, chomhaontaíomar cistiú i gcomhair 32 feithicil nua Expressway. Ní mór dúinn cothromaíocht á baint amach idir leathnú na seirbhíse agus nuálaíocht dhigiteach chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag taistealaithe an lae inniu, agus cur leis an seasamh atá aige mar chuid rithábhachtach de ghréasán iompair na hÉireann.

I gcás na seirbhísí eile, lean an borradh a bhí faoin tseirbhís 'Coach & Sail' a ritheann Expressway agus Eurolines idir Baile Átha Cliath agus Birmingham/Londain agus cuireadh le líon na seirbhísí sa

samhradh. Thug ár ngnó imeachtaí níos mó ná 40,000 paisinéir chuig imeachtaí móra amhail cluiche ceannais Shraith Europa i Staid Aviva, Rásaí na Gaillimhe, *All Together Now* agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Buaicphointí na Seirbhíse Iompair Scoile

Le breis agus 57 bliain anuas, is cúis bhróid ag Bus Éireann é an Scéim Iompair Scoile a fheidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais. Is í an scéim is mó dá leithéid san Aontas Eorpach í, a thugann luach sóisialta nach beag do chuid de na daoine is tábhachtaí inár sochaí.

Tháinig méadú 2% ar líon na bpaisinéirí a d'úsáid na busanna scoile in 2024, rud a léiríonn an méid a bhítear ag brath ar an tseirbhís riachtanach sin. Faoi dheireadh na bliana bhí 172,500 ticéad eisithe, méadú 10,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chun freastal ar an éileamh sin, d'fheidhmigh Bus Éireann gréasán ollmhór 8,000 feithicil ar 10,500 bealach in

aghaidh an lae, rud a chinntigh go raibh seirbhís iompair shábháilte, a bhféadfaí brath uirthi, ar fáil do dhaltaí ar fud na hÉireann.

Lean an borradh faoin éileamh ar sheirbhís iompair do leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, agus fuarthas breis agus 6,000 iarratas nua don scoilbhliain 2024/25. Bhain beagnach 22,000 dalta a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu leas as seirbhísí iompair. Sin méadú 9% bliain ar bhliain. Is amhlaidh fós gur tacaíocht rithábhachtach do theaghlaigh iad na seirbhísí saincheaptha a chuirimid ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais ar leith acu.

Bhí Bus Éireann ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Iompair, agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm. Ar cheann de na héachtaí ba mhó bhí an treoirscéim chun seirbhísí OSP a chomhtháthú le Seirbhísí Iompair Scoile ar chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse agus Cártaí Leap do dhaltaí a chur in ionad ticéid pháipéir. Cuirfidh an tionscnamh trasfheidhmeach sin bonn

eolais faoi leathnú na scéime amach anseo, agus léireofar conas is féidir seirbhísí iompair phoiblí a ghíaráil chun soghluaisteacht daltaí a fheabhsú.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais Athbhreithniú 2030 ar an Scéim Iompair Scoile i mí Feabhra 2024, agus leagtar amach ann pleananna uailmhianacha chun seirbhísí iompair scoile a chur ar fáil do 100,000 dalta breise faoi 2030. Moltar sa tuarascáil athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le cáilitheacht ar bhonn fad ón scoil agus athruithe a chur i bhfeidhm de réir a chéile, ach acmhainní a bheith ar fáil.

Chun tacú le leathnú na seirbhíse, cuireadh tús leis an bpróiseas chun 108 bus scoile nua a fháil ar léas in 2024, agus tá sé beartaithe go bhfaighfear iad in dhá chéim in 2026 agus in 2027, ach an faomhadh deiridh a bheith faighte ina leith. Ina theannta sin, d'aistrigh Bus Éireann chuig córas nua soláthair ar líne, agus chuir sé isteach tairiscint ar níos

mó ná 1,900 bealach mar chuid de phróiseas conartha cúig bliana, chun cobhsaíocht agus éifeachtúlacht fhadtéarmach a chinntiú.

Aithníonn Bus Éireann tábhacht na teicneolaíochta maidir leis an tseirbhís iompair scoile a nuachóiriú, agus táimid ag obair leis an Roinn Oideachais ar roinnt príomhthionscadal. Tionscnamh a mbaineann buntábhacht leis chun tacú le fás is ea ticéadú cliste a chur i bhfeidhm, agus cuirfear tús leis an bpróiseas soláthair don tionscadal mórsála sin amach in 2024. Ina theannta sin, tá tograí tionscadail curtha isteach chun feabhas a chur ar dhigitiú bealaí agus ar an gcóras iompair scoile, agus é i gceist leo comhlíonadh, pleanáil agus eispéireas iomlán an chustaiméara a fheabhsú.

Chun tuilleadh feabhais a chur ar thacaíocht do chustaiméirí, seoladh lárionad glaonna ar leith i mí an Mhárta 2024 chun cuidiú le teaghlaigh a bhfuil ceisteanna acu faoin tseirbhís iompair scoile.

Bhí an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht le linn 2024, agus rinneadh 58 milliún aistear paisinéara gan teagmhais thromchúiseacha. Leanadh le tionscnaimh chomhlíontachta a threisiú chun cloí le hardchaighdeáin sábháilteachta. Ag teacht lenár n-oibleagáidí reachtacha faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, phróiseáil Rannóg Grinnfhiosrúcháin agus Coimisce Leanaí Bhus Éireann 10,260 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán in 2024 agus tá sí fós ag cothú timpeallachta ina bhfuil meas ar pháistí, ina dtugtar aire dóibh agus ina gcosnaítear ó dhochar iad a mhéid is féidir.

Ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, tosaíodh ag baint triail as breosla HVO i mBéal an Átha, áit ar cuireadh trí bhus scoile in oiriúint don bhreosla sin. Is céim chun cinn é sin chun úsáid níos mó a bhaint as breosla inbhuanaithe mar bheart gearrthéarmach sula n-aistrefar go hiomlán go dtí neodracht astaíochtaí.



Sábháilteacht

Tá Bus Éireann meáite ar an tsábháilteacht a chinntiú, agus cúram á dhéanamh againn d'fholláine ár bpaisinéirí, ár bhfostaithe agus an phobail i gcoitinne. Le linn 2024, leanamar ag cur lenár gcreat sábháilteachta, ag cur tionscnaimh nua i bhfeidhm, agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun feabhsuithe a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí.

Tá toradh an fhócais sheasta ar shábháilteacht le feiceáil inár bhfeidhmíocht, agus níor taifeadadh aon bhás in 2024. Rinneamar nuashonrú freisin ar Phlean Éigeandála na Cuideachta, a bhfuil an 7ú heagrán de i bhfeidhm anois. I mí na Samhna, rinneadh cleachtadh éigeandála ar mhórsála, inar samhlaíodh gur tharla mórtheagmhas do chonraitheoir iompair scoile, chun ár nósanna imeachta práinnfhreagartha a thástáil agus a fheabhsú.

I rith na bliana, rinneamar bainistiú ar oibríochtaí le linn trí rabhadh aimsire dearga, agus leanúnachas seirbhíse agus sábháilteacht na bpaisinéirí á gcinntiú againn. Neartaíodh ár dtiomantas do chultúr sábháilteachta a chothú trí phríomhimeachtaí mar an Chomhdháil Náisiúnta Sábháilteachta a tionóladh i bPort Laoise in Eanáir 2024 agus seimineár gréasáin faoin tsábháilteacht a bhí ar siúl i mí Iúil. Deis a bhí sna himeachtaí sin chun eolas a roinnt

agus threisigh siad ár dtiomantas don dea-chleachtas maidir le sábháilteacht in earnáil an iompair.

Príomhimeacht i rith na bliana ab ea an chuairt a thug Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird ar an Ionad Náisiúnta um Aimsiú Slí i nGlas Naíon i mí na Nollag. Thug an chuairt sin léargas luachmhar ar na seirbhísí atá ar fáil do phaisinéirí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Cuireadh tacaíocht sábháilteachta ar fáil maidir le leictirí losta Bhaile an Róistigh chun éascú don aistriú chuig seirbhís bus phoiblí leictreach i gcathair Luimnigh, agus ní dhearnadh aon teagmhais sábháilteachta a thuairisciú i rith na bliana. Ina theannta sin, bhí Bus Éireann fós páirteach sa Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2021-2030 de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre *Ár dTuras i dtreo Fhís an Nialais*. Chuidíomar leis an tionscnamh sin tríd an gComhpháirtíocht um Bunathrú ar Shábháilteacht ar Bhóithre trí phleananna gníomhaíochta a ullmhú atá dírithe ar thimpistí bóithre a laghdú agus caighdeán fhoriomlána sábháilteachta a fheabhsú, agus trí fhaireachán a dhéanamh ar na pleananna sin.

In ainneoin na n-iarrachtaí sin, bhí dúshlán áirithe le sárú. Bhí leibhéal na dtuairteanna imithe in olcas 3% faoi dheireadh na bliana, mar gheall ar an treoht i dtaobh breis tiomána i gceantair uirbeacha.

Mar fhreagra air sin, sheolamar plean fairsing gníomhaíochta chun líon na dtuairteanna a laghdú in 2024, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun torthaí sábháilteachta a fheabhsú.

Tháinig méadú 8% ar líon na dtimpistí a tharla do phaisinéirí in aghaidh gach milliún aistear, rud a léirigh an gá atá le bheith seasta ar an airdeall agus bearta réamhghníomhacha a dhéanamh.

Os a choinne sin, rinneamar dul chun cinn nach beag lenár n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht na bhfostaithe: tháinig laghdú 20% ar na rátaí timpistí agus laghdú 30% ar líon na laethanta a cailleadh de bharr teagmhais san ionad oibre.

Is ábhar imní í an iompraíocht fhrithshóisialta go fóill, agus tuairiscíodh 423 teagmhas i rith na bliana. Tá Bus Éireann fós ag obair i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus le comhpháirtithe pobail chun teagmhais dá leithéid a mhaolú agus chun sábháilteacht ár bpaisinéirí agus ár mball foirne a fheabhsú.

Cuireadh 53 tionscadal feabhsúcháin saoráidí i bhfeidhm san iomlán, agus cuireadh feabhas ar shábháilteacht i dtimpeallachtaí oibre agus i limistéir phoiblí araon faoina lán acu. Ina theannta sin, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chuireamar i



bhfeidhm triail maidir le forfheidhmiú an dlí i lánaí bus agus stadanna bus i gCathair Chorcaí. Baineadh leas as ceamaraí agus as an intleacht shaorga. Tá sé i gceist leis an tionscnamh sin comhlíonadh na rialacha maidir le lánaí bus a fheabhsú, an brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht gach úsáideora bóithre a fheabhsú.

Na Custaiméirí

Anseo i mBus Éireann, is iad na custaiméirí fós croílár ár straitéise corparáide nua, Horizon 2028. Trí thús áite a thabhairt do na custaiméirí agus do phobail, leanaimid orainn ag beachtú ár ngníomhartha agus ár n-éitis, agus muid ag féachaint chuige go mbaineann tábhacht le gach aistear. Léirítear ár dtiomantas d'aistear den scoth a bheith ag ár bpaisinéirí inár n-iarrachtaí chun a gcuid riachtanas a thuiscint agus a chomhlíonadh, ionas nach mbeidh stró ag baint leis an aistear agus go mbainfidh siad taitneamh as.

Sa straitéis chorparáideach *Horizon 2028*, leagamar síos sprioc uailmhianach chun scór os cionn 90% a bhaint amach maidir le sásamh custaiméirí. Tá áthas orainn a thuairisciú gur éirigh lenár n-iarrachtaí, agus gur sháraigh leibhéal sásaimh na gcustaiméirí na spriocanna go seasta i rith na bliana. Meánráta sásaimh 93% a bhaineamar amach i leith na bliana ar fad. Trí chóras láidir aiseolais ó chustaiméirí, rinneamar 1,600 suirbhé san iomlán anuraidh, le cúnamh ó chuideachta neamhspleách a dhéanann taighde margaidh. Leis na sonraí luachmhara sin, bíonn ar ár gcumas ár seirbhísí a bheachtú agus cloí le hardchaighdeán cúraim custaiméirí.

Ó thaobh fáis de, d'iompraíomar 49.2 milliún paisinéir ar na seirbhísí OSP in 2024, méadú 7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is teist é sin ar ár ndíograis i leith na seirbhísí agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.



Príomhghné dár rannpháirtíocht le custaiméirí in 2024 a bhí sna laethanta *Delight the Customer*, a reáchtáladh in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Ina theannta sin, chuir an t-acomhal ilmhódach nua ag Stáisiún Bus Luimnigh go mór leis na saoráidí do chustaiméirí. Fágann sé go bhfuil feabhas ar naisc agus gur compordaí an t-aistear a dhéanann paisinéirí. Níl sna tionscnaimh sin ach roinnt samplaí den chaoi a leanaimid ar aghaidh ag infheistiú sa sásamh custaiméirí, agus é ina aidhm againn gréasán iompair a bheith againn a fhreastalaíonn ar aistir inbhuanaithe, iontaofa do chách.

Tá ról lárnach i gcónaí i straitéis Bhus Éireann don tacaíocht a thugaimid do Phlean Soghluaisteachta Tuaithe an Údarais Náisiúnta Iompair – Éire á Nascadh – chun na seirbhísí iompair phoiblí ar fud na hÉireann a leathnú agus a fheabhsú. I measc bhuaicphointí 2024 bhí tabhairt isteach Bealach 170, lena bhfeabhsaítear an nascacht idir an Cabhán agus Lú – ritheann busanna idir an Cabhán agus Dún Dealgan sé huaire sa lá. Bíonn na busanna ar an mbóthar le linn na mbuaicuaireanta ar maidin agus tráthnóna, agus amach san oíche, agus cuidíonn an tseirbhís

nua le comaitéirí, scoláirí agus muintir na háite trí chur leis na roghanna taistil idir na bailte móra sin agus cur leis an tsoghluaisteacht réigiúnach.

Rinneadh forbairt mhór eile in 2024 leis na feabhsuithe ar Chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse, lena n-áirítear tionscadal comhpháirtíochta leis an scéim *Éire á Nascadh* agus Treoirscéim na Scoileanna. Dearadh an treoirhionscadal sin, a raibh an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Oideachais, Bus Éireann, agus TFI LocalLink páirteach ann, chun seirbhísí iompair scoile a chomhtháthú le agus seirbhísí iompair phoiblí. Leis sin, cuireadh an taisteal inbhuanaithe chun cinn do dhaltáí agus rinneadh beart chun cuidiú spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach. Faoin tionscadal sin, aistríodh 572 leanbh scoile incháilithe ó bhusanna scoile chuig gnáthsheirbhísí iompair phoiblí, agus eisíodh Cárta Leap do gach duine acu ionas go bhféadfaidís taisteal gan stró. Tá sé i gceist leis an tionscadal sin úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní iompair agus roghanna taistil níos inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine óga.



Faoi thionscadal na bhfeabhsuithe ar Chonair Luimnigh – Shionainne – na hInse, tugadh isteach roinnt bealaí nua agus cuireadh le minicíocht na mbusanna chun nascacht agus inrochtaineacht a fheabhsú. Breis agus 1 mhilliún ciliméadar a bhí i gceist ar fad. Ritheann Bealach 343 idir Luimneach, Bun Raite, agus Aerfort na Sionainne, 24 uair sa lá, seacht lá na seachtaine, agus tiomáineann dhá fheithicil 162,200 ciliméadar san iomlán. Ceithre bhus atá ag freastal ar Bhealach 330, idir Aerfort na Sionainne, Sionainn, Cora Chaitlín agus Inis, agus tiomáintear 565,931 ciliméadar. Ar Bhealach 316 idir Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Sionainn, agus Aerfort na Sionainne, tiomáineann feithicil amháin 156,288 ciliméadar. Dhá fheithicil a ritheann ar Bhealach 317, idir Luimneach, an Chreatalach, Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Cill Mhuire, Cuinche agus Inis, agus tiomáineann siad 207,368 ciliméadar. D'fhág an tionscadal sin go bhfuil feabhas nach beag ar mhinicíocht agus iontaofacht na seirbhísí, ionas gur rogha níos áisiúla agus níos inmharthana é an t-iompar poiblí do mhuintir an réigiúin agus dóibh siúd a thugann cuairt air.

Chomh maith leis na feabhsuithe sin ar sheirbhísí, d'éirigh go geal leis na tairiscintí a rinne Bus Éireann in 2024. D'éirigh linn Conradh Dírdhámhachtana cúig bliana nua a thabhairt i gcrích leis an Údarás Náisiúnta Iompair, cornadh ar fiú breis agus €1 bhilliún é. Beidh infheistíocht leanúnach á déanamh i ngréasán iompair phoiblí na hÉireann dá bharr sin. Ina theannta sin, fógraíodh gur Bus Éireann a roghnaíodh, ar bhonn tairisceana, chun seirbhís 245X a rith idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Cuirfear 5 chóiste nua dhá urlár, a bhfuil fad 14 méadar agus urlár íseal iontu, ar an mbóthar ar an mbealach sin.

In 2024, rinne an Fhoireann um Fhaisnéis faoin Taisteal atá ag Bus Éireann dul chun cinn mór maidir le hinrochtaineacht agus cáilíocht na faisnéise dár gcustaiméirí a fheabhsú. Rinne an fhoireann uasghrádú ar an mbonneagar ag 500 láthair ar fud na hÉireann, lena n-áirítear cuailí TFI nua a shuiteáil, an bonneagar a bhí ann cheana a uasghrádú, agus nuachóiriú a dhéanamh ar sheanchórais. Leis na hiarrachtaí sin, cinntíodh go mbeidh rochtain ag custaiméirí ar fhaisnéis taistil iontaofa, atá cothrom le dáta, rud a chuireann le cáilíocht a n-aistir.

Ina theannta sin, thacaigh Bus Éireann leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na céadta babhta uasghrádaithe a chur i bhfeidhm. Tugadh faoi thionscadail mhóra i mbaile Cheatharlach agus feadh Chonair Chomaitéireachta an Chósta Thoir, bealaí ar dámhadh conarthaí nua orainn ina leith chun seirbhísí a fheabhsú tuilleadh. Chuireamar faisnéis ar fáil freisin ag 1,500 ionad ar fud na tíre. Tá ár bhfoireann Oibreoirí Allamuigh ag dul i méid agus rinne sí cigireachtaí agus cothabháil ar 1,200 láthair lena chinntiú go raibh an gréasán ag feidhmiú mar ba chóir agus go raibh sé cothrom le dáta.

Tá tionchar mór á imirt fós ag an Scéim Cúnaimh Taistil ar fud na hÉireann. Cuirtear tacaíocht bhunriachtanach ar fáil faoin scéim do phaisinéirí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Leanadh leis an bhforbairt ar an scéim in 2024, agus cuireadh deiseanna taistil níos cuimsithí ar fáil trí rannpháirtíocht agus comhoibriú feabhsaithe le pobail agus eagraíochtaí áitiúla. Tugtar cúnamh do phaisinéirí ag busárais, ar bhusanna, agus le linn aistear, ag brath ar riachtanais an phaisinéara féin, rud a chabhraíonn le custaiméirí a mbealach a dhéanamh go sábháilte agus go compordach.

In 2024, mar gheall ar an rath a bhí ar an scéim, leathnaíodh na seirbhísí i roinnt áiteanna agus cuireadh le méid na bhfoirne i gCorcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh, lena chinntiú go bhféadfadh níos mó paisinéirí leas a bhaint as an tacaíocht shaincheaptha. Bhí an teagmháil leanúnach le heagraíochtaí áitiúla ríthábhachtach. Ghlac breis daoine páirt sa scéim mar gheall uirthi agus féachadh chuige go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais na bpobal.


Feidhmíocht

In 2024, lean Bus Éireann ag cur lena thiomantas do sheirbhísí iompair phoiblí atá ar ardchaighdeán, atá inbhuanaithe agus atá iontaofa a chur ar fáil ar fud na hÉireann. Tá ár gcreat bainistíochta feidhmíochta fós dírithe ar shármhaitheas oibriúcháin a bhaint amach agus luach a gcuid airgid a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Baineadh amach roinnt garspriocanna móra ó thaobh feidhmíocht oibriúcháin de i mbliana: cuireadh le líon na bpaisinéirí, bhuamar gradaim inbhuanaitheachta, agus rinneamar dul chun cinn maidir le leictriú an fhlíit, le comhtháthú teicneolaíochta, agus le poncúlacht.

In 2024, bhain Bus Éireann garsprioc thábhachtach amach trí 111.6 milliún aistear a dhéanamh, an méid is mó riamh. Is ionann sin agus méadú 4.3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí gach príomhearnáil dár ngnó páirteach san obair sin, agus tháinig méadú 7% ar sheirbhísí OSP. Léiríonn an fás sin a mhéid a mbíonn pobail ag brath níos mó agus níos mó ar sheirbhísí Bhus Éireann agus leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach i leathnú na seirbhísí agus i sásamh custaiméirí.

Léirítear an fás freisin sa líon ciliméadar a thiomáin Bus Éireann in 2024. Tháinig méadú 5% go 75.9 milliún ciliméadar ar an tSeirbhís Paisinéirí Bóthair i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus tháinig fás 8% ar líon na gciliméadar a

Iomlán na gciliméadar a d'oibrigh Bus Éireann



tiomáineadh faoin Scéim Iompar Scoile, i gcomparáid le 2023. Ba 179.5 milliún ciliméadar a bhí i gceist sa bhliain atá faoi chaibidil.

Ar cheann de na réimsí ina ndearnamar an dul chun cinn ba mhó in 2024 bhí an leictriú leanúnach ar ár bhflíit busanna. Ag tógáil ar an leictriú a rinneadh ar ghréasán seirbhíse Bhaile Átha Luain in 2023, ionas gur busanna cealla-leictreacha atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa atá in úsáid anois, rinne Bus Éireann dul chun cinn nach beag in 2024 nuair a chuireamar 34 bus leictreach dhá urlár ar an mbóthar i Luimneach. Ba é sin an chéad chéim d'aistriú na seirbhísí cathrach réigiúnacha chuig oibríochtaí atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa. Le hinfheistíocht mhór €54 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair, cuirfidh an tionscadal sin ar a chumas do Bhus Éireann níos mó ná 2.1 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí a oibriú go bliantúil ar fud sheirbhísí Chathair Luimnigh. Is cuid ríthábhachtach dár straitéis fhadtéarmach é an t-aistriú sin chun astaíochtaí a laghdú agus cuidiú spriocanna aeráide na hÉireann a chomhlíonadh.

Tá Céim 2 de thionscadal leictriúcháin Luimnigh faoi lánseol, faoina n-aistreofar seirbhísí bus uile Chathair Luimnigh go hoibríochtaí

saor ó astaíochtaí in 2025. Chuireamar pleananna chun cinn freisin maidir le leictriú a dhéanamh ar sheirbhísí bus na Gaillimhe agus Chorcaí agus leanaimid ar aghaidh ag déanamh measúnú ar roghanna chun roinnt dár n-oibríochtaí i mbailte éagsúla a leictriú.

Bhí ról mór ag an nuálaíocht teicneolaíochta in 2024 agus muid seasta ag féachaint le cur le hiontaofacht na seirbhísí agus le leibhéal sásaimh na gcustaiméirí. D'úsáideamar bogearraí tráthchlár arna gcumasú ag an intleacht shaorga agus muid ag cur i bhfeidhm an chlár chun feabhas a chur ar chúrsaí poncúlachta. Dearadh an clár sin chun cur le cruinneas na dtráthchlár agus é a fhágáil níos éasca iad a choinneáil cothrom le dáta. Leis na bogearraí nua sin, tá ar ár gcumas freagairt go tapa d'athruithe ar chúinsí oibriúcháin, agus muid á chinntiú go mbeidh na busanna in am agus go bhfaighidh custaiméirí faisnéis thráthúil, chruinn faoina n-aistear.

Cé go ndearnamar dul chun cinn maith lenár n-iarrachtaí i ndáil le bainistíocht feidhmíochta, bhí roinnt dúshlán oibriúcháin i gceist in 2024 freisin. Dhíríomar go háirithe ar cheist na poncúlachta, réimse ina raibh deacrachtaí againn mar gheall ar an mbrú tráchta in áiteanna

áirithe, agus ar na dúshláin mhóra i dtaobh tiománaithe a earcú. Bhí tionchar ag na cúinsí sin ar an soláthar seirbhíse i roinnt réigiún, go háirithe i gCathair Chorcaí, áit a raibh ganntanas foirne ag cur as dúinn.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, bhíomar ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun plean gearrthéarmach maidir le laghdú minicíochta a chur i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024. Faoi bplean sin, cuireadh minicíocht na seirbhísí in oiriúint do líon na dtiománaithe a bhí ar fáil, ionas go bhféadfadh na custaiméirí brath ar ár gcuid seirbhísí.

Ag an am céanna, sheolamar feachtas láidir earcaíochta, agus d'éirigh linn tiománaithe nua a earcú dá bharr. Meastar go mbeifear in ann na seirbhísí go léir a chur ar fáil arís de bharr an tionscnaimh sin faoi thús 2025, ionas go mbeimid in ann freastal ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí bus i gCorcaigh agus in áiteanna eile.

Tharla roinnt babhtáí adhaimsire in 2024 freisin a chuir isteach ar ár gcumas na seirbhísí a choinneáil ar bun agus tús áite a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí an tráth céanna. B'éigean dul i

mbun comhordú agus comhar mór le páirtithe leasmhara náisiúnta, agus an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, an Roinn Iompair, Met Éireann, údaráis áitiúla agus oibreoirí iompair eile ina measc.

Bhí ár bhfoirne faoi réir chun déileáil leis an drochaimsir, agus cinntíodh go raibh bearta sábháilteachta cuí i bhfeidhm agus gur cuireadh busanna ar ais ar an mbóthar chomh luath agus ab fhéidir nuair a tháinig feabhas ar chúrsaí. Leanaimid de bheith ag feabhsú ár bprótacail chun déileáil le babhtáí adhaimsire ionas go gcuirfear isteach a laghad is féidir ar na seirbhísí agus go mbeidh ardchaighdeán sábháilteachta i bhfeidhm do chách.

Daoine

Anseo i mBus Éireann, is iad na daoine atá ag obair linn is bonn leis an rath a bhíonn orainn. In 2024, leanamar ar aghaidh ag infheistiú inár bhfórsa saothair, ag cothú cultúr éagsúil, cuimsitheach, agus ag cur leis an tóir atá orainn mar fhostóir san earnáil iompair. Agus muid ag ullmhú le haghaidh fáis, táimid fós tiomanta do dhaoine cumasacha a mhealladh agus a fhorbairt chun an gnó a chur chun cinn, agus tacú leis na daoine sin.

Tá borradh faoin éileamh ar ár seirbhísí agus mar sin bhí béim mhór ar an earcaíocht fós le linn 2024. D'éirigh linn 500 fostaí nua a earcú chuig an bhfórsa saothair chun tacú lenár spriocanna uailmhianacha. Bhí dúshláin le sárú againn i gCorcaigh go háirithe mar gheall ar leibhéil arda folúntais, ach tá ár bhfeachtais earcaíochta spriocdhírthe, laethanta oscailte, agus babhtáí comhair le Boird Oideachais agus Oiliúna fós ar bun chun an dul chun cinn a spreagadh.

A bhuí le clár oiliúna Bhus Éireann chun daoine a bhfuil ceadúnas B acu faoi láthair a ullmhú i gcomhair cheadúnas D (atá riachtanach chun bus a thiomáint) d'éirigh le 120 tiománaí cheadúnas D a fháil agus teacht ag obair linn. Dhá oiread an méid daoine a bhí ansin agus a bhí i gceist an bhliain roimhe sin.

Tuigimid an gá atá le pleanáil fhadtéarmach ar an bhfórsa saothair agus táimid ag ullmhú chun tuilleadh daoine a fhostú, ionas go mbeimid in ann freastal ar 165 milliún aistear paisinéara faoi 2028. Ní hamháin nach mór daoine breise a fhostú chuige sin, ach caithfidh uasoiliúint a chur ar na fostaithe atá ag obair linn anois, próisis a dhigitiú, agus aistriú chuig teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe.

Tá éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú fite fuaite inár gcultúr. Faoi na straitéis *Route to Respect*, leanaimid ar aghaidh ag cur timpeallacht oibre chuimsitheach, nuálach chun cinn. Mhéadaigh ionadaíocht na mban ar fud na cuideachta go 10.9% (+0.4% i gcomparáid le 2023), agus rinneadh dul chun cinn mór i ndáil le fostaithe óga – is mná iad 24% díobh siúd idir 20-25 bliana d'aois. Cé nach mná iad ach 5% de na tiománaithe, céatadán 25% atá i gceist i ról seachas na tiománaithe. Beimid ag díriú ar an mbearna sin.

Léiríonn an bhearna phá idir fir agus mná an éagothroime atá ann faoi láthair: is fearr an ionadaíocht atá ag mná i ról cheannaireachta sa cuideachta, seachas i ról oibríochtúla nó ról ina mbítear ag





plé le custaiméirí. Is fir iad 89% dár bhfórsa saothair iomlán agus ní mná iad ach 4% de na daoine atá i ról ina mbítear ag plé le custaiméirí. Táimid fós dírithe ar dháileadh níos cothroime fear agus ban ar fud Bhus Éireann a bhaint amach agus tá athruithe dearfacha á gcur i bhfeidhm againn chuige sin.

D'éirigh linn ráta rannpháirtíochta fostaithe 62% a bhaint amach in 2024. Sin laghdú i gcomparáid leis na blianta beaga atá imithe tharainn. Táimid ag obair go gníomhach chun an ráta sin a fheabhsú trínár Straitéis Daoine agus Cultúir, straitéis ar cuireadh bonn eolais fúithi le torthaí an tsuirbhé.

Ag deireadh 2024, bhí 3,078 duine fostaithe ag Bus Éireann, agus bhí 58 náisiúntacht éagsúil ina measc (ardú ó 51 tír an bhliain roimhe sin).

Is mian linn go mbeadh ár bhfórsa saothair ionadaíoch ar ár gcustaiméirí agus ar an tsochaí, agus inár suirbhé bliantúil ar ár bhfostaithe, dúirt 76% acu go gcothaíonn Bus Éireann timpeallacht chuimsitheach ina gcaitear go cothrom le gach duine, beag beann ar chlaonadh gnéasach, seasamh, inscne, cine nó aois. Anuraidh, 4% de na fostaithe a dúirt linn go rabhadar faoi mhíchumas.

Ba chúis bhróid againn a bheith páirteach i seoladh na straitéise *Balance for Better Business*, lenar tugadh aitheantas dár n-iarrachtaí chun cothromaíocht inscne a chothú san earnáil iompair. Táimid tiomanta don éagsúlacht lasmuigh den ionad oibre freisin: ba é Bus Éireann príomhurraitheoir Fhéile LADT Chorcaí 2024 agus rinneamar urraíocht ar imeachtaí réigiúnacha Bróid ar fud na hÉireann.

Ar an 8 Márta, chuamar i bpáirt le comhlachtaí eile CIÉ chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, rud a chuireann lenár dtiomantas do chomhionannas inscne agus don chumasú san eagraíocht.

Teastaíonn infheistíocht leanúnach san fhorbairt ghairmiúil chun daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil. Aithníodh ár bhFeachtas Printíseach ag Gradaim CIPD, agus bhuamar an chatagóir 'Bainistíocht Tallainne'. Teist is ea é sin ar an gcur chuige nuálach atá againn i leith oiliúna agus forbairt gairme. Tuigimid go bhfuil an oiliúint agus an fhorbairt ríthábhachtach ionas go mbeidh Bus Éireann in ann leanúint ar aghaidh ag fás agus ag forbairt mar eagraíocht den scoth. Dá réir sin, in 2024 chuireamar 11,000 uair an chloig oiliúna ar fáil.

Sheolamar cláir forbartha shaincheaptha in 2024, a bhí dírithe ar oiliúint cheannaireachta, uasoiliúint theicniúil, agus meantóireacht.

Lenár gclár maidir le Forbairt Scileanna don Todhchaí, cinntítear go mbeidh fostaithe in ann freastal ar éilimh an tionscail faoi láthair agus amach anseo. Léiríonn infheistíochtaí i gcóras nua bainistíochta foghlama agus ardscoil oiliúna do thiománaithe ár dtiomantas do shaineolas a neartú i measc oibrithe túslíne.

Tá ár straitéis Daoine agus Cultúir bunaithe ar cheithre phríomhspric:

1. Ár bhfeidhmíocht a chumasú – Fostaithe ardfheidhmíochta, a bhíonn ag breathnú rompu, a chothú.
2. Ár ndaoine a fhorbairt – Infheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim leanúnach agus i bhforbairt ghairme.
3. Ár bhfórsa saothair a mhéadú – Baill foirne oilte, sholúbtha a mhealladh agus a choinneáil.
4. Rannpháirtíocht dhearfach – Neartú a dhéanamh ar chultúr tacaíochta agus cuimsithe san ionad oibre.



Chun folláine na bhfostaithe a fheabhsú tuilleadh, ghnóthaigh muid creidiúnú *KeepWell* ó IBEC, mar aitheantas ar an tiomantas atá againn do shláinte agus folláine san ionad oibre.

De bharr na hoibre a rinneamar le *Great Place to Work* le 12 mhí anuas, fuairéamar léargas luachmhar ar na gnéithe ar leith a bhaineann le Bus Éireann. Shainithin ár bhfostaithe gur príomhspreagóirí rannpháirtíochta iad an tuisceant shoiléir ar chuspóir, an comhoibriú agus an tiomantas don tionchar sóisialta. Táimid ag baint leas as an léargas sin chun ár straitéisí a bheachtú, agus muid á chinntiú go gcothóimid eagraíocht ina mothaíonn fostaithe go bhfuil meas orthu, go dtacaítear leo agus gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach.

In 2024, rinne na fostaithe os cionn 1,200 ainmniúchán i gcomhair na ngradam *Go the Extra Mile (GEM)*. Bronnadh gradam ar 17 bhfostaí ag ócáid na nGradam Náisiúnta GEM, agus rinneamar ceiliúradh freisin ar an méid a bhí bainte amach ag 200 fostaí ag na gradaim réigiúnacha.

Bronnadh an gradam 'Foireann na Bliana' ar Fhoireann an Treoirthionscadail um Chomhtháthú Seirbhísí Scoile/OSP as a gcuid oibre, obair a bheidh rithabhachtach ó thaobh spriocanna a bhaint

amach mar a leagtar amach san Athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile 2030, agus ghnóthaigh losta Cheatharlach gradam 'Iosta na Bliana' mar aitheantas ar sheoladh Sheirbhís Bhaile Cheatharlach, a d'fhreastail ar 365,000 aistear paisinéara sa chéad bhliain. Bhuaigh ár bhFoirne Cúnamh Taistil an Gradam 'Éagsúlacht agus Cuimsiú' as a ndíograis, a gcúram agus a gcuid saineolais maidir le luachanna Bhus Éireann a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar shaol daoine gach uile lá.

Bhí ról tábhachtach fós ag BÉOnline, ár gcainéal cumarsáide inmheánaí, ó thaobh na rannpháirtíochta leis na 3,000 fostaí. Is bealach é chun eolas a chur ar fáil dóibh agus a chur ar a gcumas dóibh a gcuid scéalta agus tuairimí a roinnt lena gcomhghleacaithe ar fud na tíre. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta le sonrú agus rinneadh breis agus 3,260 postáil ar BÉOnline, postálacha ar breathnaíodh orthu naoi milliún uair san iomlán. Is comhpháirtithe iad ár bhfostaithe sa ghnó agus cuidíonn an t-aiseolas agus an fhaisnéis a fhaightear trí BÉOnline leis an bpleanáil agus leis an gcinnteoireacht. Is amhlaidh atá freisin i gcás moltaí a fhaightear tríd an scéim 'Bright Ideas' atá againn agus déanann an chuideachta na moltaí sin a mheas.

Nuálaíocht

In 2024, rinne Bus Éireann dul chun cinn mór i gcúrsaí digiteacha, go háirithe ó thaobh seirbhísí iompair scoile de. Ceann de na tionscadail is mó a tugadh faoi ba ea córas ticéadaithe cliste a fhorbairt le haghaidh na bhfeithiclí iompair scoile, agus ba chéim mhór é i dtreo córas iomlán digiteach. Is é is aidhm leis an tionscnamh seo gléasanna ticéadaithe cliste a fheistiú in 7,500 feithicil ar fud na hÉireann, rud a fhágfaidh go mbeifear ábalta ticéid a bhailíochtú ar bord, úsáid suíochán a rianú, feidhmíocht seirbhíse a bhainistiú i bhfíor-am, agus soláthar seirbhíse a chinntiú. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana don tionscadal seo amach sa bhliain 2024, agus meastar go mbronnfar an conradh faoi dheireadh 2025. Ina theannta sin, thosaigh Bus Éireann ag pleanáil tionscadal maidir le Digitiú na mBealaí Scoile, a sheolfar go luath in 2025. Leis an tionscadal sin, déanfar mapáil dhigiteach ar na 10,500 bealach iompair scoile ar fud na tíre, agus cuirfear ar fáil sonraí rithabhachtacha a bheidh ina dtaca ag an ticéadú cliste agus a fheabhsóidh an próiseas iarratais ar thicéid scoile agus an próiseas pleanála bealaigh.

Mar aon leis na tionscadail mhóra sin, seoladh roinnt treoirthionscadail iompair scoile chun triail a bhaint as an gcomhtháthú digiteach. I mí Lúnasa, tugadh isteach Treoirthionscadal maidir leis an Scéim Iompair Scoile a Chomhtháthú leis an tSeirbhís OSP ar bhealach 343 idir Luimneach agus Sionainn. Tugadh deis do scoláirí incháilithe Cátaí Leap a úsáid le táirge iompair scoile chun na seirbhísí iompair phoiblí a úsáid in ionad na seirbhísí iompair scoile. Tháinig léargas luachmhar faoi phatrúin taistil agus faoi úsáid seirbhíse as an triail, rud a léirigh an acmhainn atá ann comhtháthú furasta a dhéanamh ar an ngréasán iompair phoiblí agus an gréasán iompair scoile. Reáchtáladh treoirthionscadal den chineál céanna i Ros Comáin, áit ar cuireadh Cátaí Leap ar fáil do dhaltáí le haghaidh seirbhísí tiomnaithe iompair scoile. Rinneadh iad a bhailíochtú le gléasanna Android a suiteáladh ar bhusanna scoile. Beidh an méid a

foghlaimíodh ó na treoirthionscadail ina bhonn eolais don tionscadal náisiúnta maidir le Ticéadú Cliste.

Ina theannta sin, sheol Bus Éireann tionscadal digiteach mór sna i leith oibríochtaí cothabhála. Is é is aidhm don Tionscnamh chun Garáistí a Athrú ó Bhonn, a tugadh isteach in 2024, ná gach cleachtas oibre ar fud gharáistí Bhus Éireann a dhigitiú agus a uathoibriú, agus timpeallacht lándigiteach a chur in ionad próisis láimhe pháipéarbhunaithe. Cuirfear Córas Bainistíochta Garáiste nua i bhfeidhm, lena gcomhtháthófar cigireachtaí ar bhonn soghluaiste, sceidealú cothabhála digiteach, eisiúint pháirteanna go huathoibríoch, bainistíocht thuarthach páirteanna spártha, agus tuairisciú lochtanna. Tionscadal néalbhunaithe atá i gceist atá comhtháite le príomhchórais Bhus Éireann. I gcéad chéim an tionscadail in 2024 díródh ar thionscnamh, ar dheardh, ar chumraíocht agus ar phleanáil, agus tá forbairt, tástáil, oiliúint agus cur i bhfeidhm ar an sceideal le haghaidh 2025.

Mar aon le feabhas a chur ar ghnéithe oibriúcháin, thug Bus Éireann faoi thriail maidir le hIntleacht Shaorga chun cur i bhfeidhm na lánaí bus a fheabhsú. Reáchtáladh an triail i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Hayden AI idir Lúnasa agus Deireadh Fómhair, agus díródh an triail ar bhealach 220 i gCorcaigh. Suiteáladh ceamaraí atá bunaíodh ar an intleacht shaorga i mbusanna agus braitheadh agus taifeadadh feithiclí a sháraigh rialacháin maidir le lánaí bus.

Cur chuige éifeachtúil, uathoibríoch maidir le forfheidhmiú rialachán a bhí ann. Fuarthas léargas luachmhar ón triail agus léiríodh an acmhainn le haghaidh monatóireacht tráchta atá bunaithe ar an intleacht shaorga, rud a chuirfidh bonn eolais faoi straitéisí feidhmithe amach anseo.

Rinneadh nuachóiriú freisin ar phróisis soláthair in 2024 nuair a tugadh isteach córas ríomhsholáthair le Coupa. Rinneadh oibríochtaí soláthair níos éifeachtaí trí úsáid a bhaint as an ardán digiteach sin. Laghdaíodh an t-ualach oibre láimhe trí iarratais a dhigitiú, trí fheabhas a chur ar an uathoibriú, agus trí dheireadh a chur leis an ngá le hanchuid doiciméadú páipéir. D'fhág cur i bhfeidhm an ardáin gur feabhsaíodh an éifeachtúlacht, gur cuireadh le comhlíonadh, agus gur cuireadh barr feabhas ar leithdháileadh acmhainní ar fud na heagraíochta.

Garspiorc eile maidir le claochlú digiteach na cuideachta a bhí i seoladh shuíomh gréasáin nua Bhus Éireann i Meán Fómhair 2024. Suíomh gréasáin néalbhunaithe is ea é agus dearadh é chun cur le slándáil, le feidhmíocht agus le hinscálaitheacht. Tá Córas Bainistíochta Ábhar nua ar an suíomh gréasáin agus déantar faisnéis fíor-ama do phaisinéirí, ceannach ticéad, tráthchláir agus seirbhísí iompair scoile a chomhtháthú ann. Cuireadh an t-ardán in oiriúint do ghutháin phóca, rud a chinntíonn go bhfuil sé inrochtana agus gur furasta é a úsáid, fiú le linn na dtréimhsí is mó éilimh.

Réimse eile ar díródh air in 2024 ba ea barr feabhas a chur ar na tráthchláir, agus bhí Bus Éireann ag obair le CitySwift chun úsáid a bhaint as anailísíocht bunaithe ar an intleacht shaorga ar mhaithe le héifeachtúlacht an ghréasáin. Is é is aidhm leis an gcomhthionscadal cúig bliana sin feabhas a chur ar an iompar poiblí i nGaillimh, i gCorcaigh, i Luimneach, agus in ionaid uirbeacha eile trí anailís a dhéanamh ar iompraíocht paisinéirí, ar phatrúin tráchta agus ar fheidhmíocht seirbhíse. Cuirtear léargas fíor-ama ar fáil ar an ardán, rud a fhágann gur féidir sceidil a choigeartú go dinimiciúil chun freastal ar athruithe ar an éileamh agus chun an brú tráchta a laghdú i gceantair uirbeacha. Déanfar anailís atá bunaithe ar an intleacht shaorga a chomhtháthú chun feabhas a chur ar iontaofacht agus ar éifeachtúlacht seirbhíse, agus rachaidh sé sin chun tairbhe na bpaisinéirí.

Chomh maith leis sin, chuir Bus Éireann leis an úsáid a bhaintear as Microsoft Power Apps chun uathoibriú agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i réimse feidhmeanna gnó. Cuireadh na feidhmchláir sin, nach bhfuil mórán cóid i gceist leo, i bhfeidhm i réimse an airgeadais, in oibríochtaí agus sna garáistí, agus cuireadh próisis dhigiteacha in ionad sreafaí oibre láimhe. Laghdaítear an méid riaracháin agus cuirtear barr feabhas ar phróisis trí Power Apps a chur i bhfeidhm agus tacaítear le mórstraitéis níos leithne na cuideachta maidir le claochlú digiteach.



Inbhuanaitheacht

Cuid lárnach de straitéis Bhus Éireann is ea an inbhuanaitheacht, agus rinneadh an-dul chun cinn in 2024 maidir le hastaíochtaí a laghdú, aistriú go dtí fuinneamh in-athnuaite, agus feabhas a chur ar fhreagracht chomhshaoil sna hoibríochtaí ar fad. Leanaimid orainn ag déanamh dul chun cinn tríd an nuálaíocht, an infheistíocht, agus an ailíniú beartais lena chinntiú go mbeidh seirbhísí iompair phoiblí níos inbhuanaithe in Éirinn amach anseo.

Ceann de gharspriocanna is tábhachtaí na bliana ba ea Ráiteas Inbhuanaitheachta 2023 a fhoilsiú, ina leagtar amach ár bplean oibre maidir le comhlíonadh na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD). Bhíomar ag obair i gcomhar lenár máthairchuideachta, CIÉ, lena chinntiú go bhfuil ár mbeartais inbhuanaitheachta ag teacht leis na rialacháin nua sin, agus go léirítear trédhearcacht agus cuntasacht agus muid ag obair i dtreo ceannaireacht comhshaoil. Inár straitéis inbhuanaitheachta nuashonraithe, Athrú á Spreagadh 2024-2030, leagtar amach 35 príomhtháscaire feidhmíochta lena ndírítear ar dhíchárbónú feithiclí, ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus oibríochtaí a fheabhsú chun ár lorg carbóin a laghdú.

Tugadh aitheantas do Bhus Éireann arís mar cheannródáí san inbhuanaitheacht, agus bhuaigh sé Gradam Ceannaireachta de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i mí na Samhna sa chatagóir 'Díchárbónú san Earnáil Phoiblí'. Ina theannta sin, bhuamar Dámhachtain ag Gradaim Ghnó Bhaile Átha Luain don tSármhaitheas san Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, rud a chuir leis an gcáil atá orainn maidir le hiompar inbhuanaithe. Léirítear leis na gradaim sin an tionchar atá againn mar cheannródáí náisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht san iompar poiblí agus cuirtear béim ar an tacaíocht a thugaimid do gheilleagair áitiúla ar fud na hÉireann.

Bhí deis againn ár gcuid saineolais a roinnt le ceannairí tionscail agus le lucht déanta beartais ag an gComhdháil Eorpach Taighde sa Réimse Iompar ag an RDS, rud a léirigh ár dtiomantas do thionchar a imirt ar an iompar poiblí sa tír seo agus go hidirnáisiúnta san am atá le teacht.

I measc éachtaí na bliana bhí seoladh an chéad ghréasán iompartha phoiblí cathrach réigiúnach lánleictreach in Éirinn, i gcathair Luimnigh. Fuaireamar infheistíocht €54 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair chun tacú leis an tionscnamh sin, lena bhfeisteofar an-chuid bonneagar leictreach agus sibhialta, agus cinnteofar go gcomhlíonfaidh an t-iosta riachtanais maidir le hiompar nua-aimseartha.

Is é Iosta Busanna Bhus Éireann i mBaile an Róistigh a leictriú an chéad chéim atá i gceist le tionscadal nuálach a dearadh chun cur le hacmhainneacht fuinnimh an iosta agus leis an mbonneagar luchtaithe, rud a chuirfidh ar a chumas do Bhus Éireann breis is 2.1 milliún ciliméadar a dhéanamh in aghaidh na bliana gan aon astaíochtaí ón sceithphíopa. Faoi tionscadal beidh 35 stáisiún luchtaithe ina mbeidh 70 gunna luchtaithe á suiteáil, agus feabhsófar an ceangal le ESB Networks. Is forbairt é an tionscadal sin ar an gcéad seirbhís bus lánleictreach baile i mBaile Átha Luain, ar éirigh go geal léi. Seoladh an tseirbhís sin i mí Eanáir 2023 agus réitíonn sí an bealach do chur i bhfeidhm seirbhísí den chineál céanna i nGaillimh, i gCorcaigh agus i Sligeach.

Mar aon le leictriú na bhfeithiclí, rinneamar dul chun cinn mór maidir le fuinneamh in-athnuaite agus úsáid a bhaint as breoslaí difriúla. Ceann de na héachtaí ba mhó a bhaineamar amach ba ea fearas grianfhuinnimh fhótavoltaigh a shuiteáil ag ár n-iosta i nGaillimh, rud a tharraing aird na tíre nuair a gineadh an fuinneamh go léir a theastaigh san iosta ar feadh lá iomlán. Is minic a sholáthraíonn an córas idir 50% agus 70% den fhuinneamh a theastaíonn gach lá, rud a léiríonn go bhféadfadh an teicneolaíocht gréine cur lenár straitéis fuinnimh fhadtéarmach. Coimisiúnaíodh córais grianfhuinnimh fhótavoltaigh bhreise i nDroichead Átha, i Sligeach, agus i mBaile Átha Luain, agus is ó na córais sin a thagann 60% den chumhacht anois. Tá pleananna déanta chun tuilleadh fearais ghréine a chur isteach i gceithre láthair eile in 2025.

Chun ár lorg carbóin a laghdú níos mó, bhaineamar triail as bithbhreosla HVO i mBéal an Átha, rud a léirigh go bhféadfaí é a úsáid agus muid ag aistriú chuig breoslaí ísealcharbóin. Ina theannta sin, in 2024 críochnaíodh an tionscadal lena ndearnadh astaíochtaí scóip 3 a mheas, rud a thug léargas luachmhar dúinn ar astaíochtaí a laghdú ar fud an tsabhra soláthair. Díríodh freisin ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Cuireadh isteach córais téimh níos éifeachtúla i dtrí láthair nua agus eagraíodh feachtas fuinnimh ar fud na cuideachta lena ndíríodh ar an méid iomlán fuinnimh a ídíodh a laghdú de 10%.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hinfheistíocht i gcláir oiliúna inbhuanaitheachta agus rannpháirtíochta. Tacaíonn Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ leis na cláir agus is éard a bhí i gceist leo eolas agus scileanna a chur ar fáil d'fhostaithe ionas go bhféadfaidís athrú inbhuanaithe a chur chun cinn san eagraíocht. Tugadh cuairt ar gharáistí feithiclí leictreacha sa Bhreatain freisin chun léargas a fháil ar an dea-chleachtas a bhaineann le busanna leictreacha a chothabháil agus a oibriú.

Faoi mbliain 2024, bhí níos mó ná 1.3 milliún ciliméadar déanta ag ár bhfeithiclí leictreacha gan aon astaíochtaí ón sceithphíopa, rud a chuir feabhas mór ar cháilíocht an aeir agus a laghdaigh truailliú torainn i gceantair uirbeacha. Ní hamháin gur chuir oibriú níos ciúine agus níos réidhe na mbusanna leictreacha le heispéireas na bpaisinéirí ach d'fhág sé freisin go raibh timpeallacht oibre

na dtiománaithe níos compordaí agus níos sláintiúla. Ó thaobh oibríochta de, rinneadh na busanna leictreacha agus an bonneagar luchtaithe a chomhtháthú gan cur isteach ar an tseirbhís.

Tá áthas orainn gur bhaineamar amach na spriocanna a bhí againn maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus d'éirigh linn feabhas thart ar 26% a bhaint amach i gcomparáid leis an mbonnbhliain. Braitheann ár spriocanna maidir le hastaíochtaí CO₂ ar fháil a bheith ar chóistí inbhuanaithe ionas gur féidir linn an dícharbónú a pleanáladh le haghaidh 2030 a bhaint amach. Idir an dá linn, rinne Bus Éireann dul chun cinn maidir le hastaíochtaí a laghdú trí níos mó úsáid a bhaint as HVO, rud a fhágann go mbíonn oibríocht na cuideachta níos inbhuanaithe agus muid ag obair i dtreo na gcuspóirí comhshaoil fadtéarmacha.

Agus muid ag breathnú romhainn, tá Bus Éireann fós tiomanta go hiomlán don neodracht ó thaobh astaíochtaí de a bhaint amach trí dhlús a chur leis an aistriú chuig feithiclí atá saor ó astaíochtaí, trí chur le tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite, agus trí leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht i mbonneagar inbhuanaithe. Tá pleananna uailmhianacha againn chun busanna leictreacha a chur ar an mbóthar in ocht gcathair agus baile réigiúnach. Tá dul chun cinn mór á dhéanamh againn agus muid ag cinntiú go mbeidh an t-iompar poiblí in Éirinn níos glaine, níos glaise agus níos éifeachtaí do na glúnta atá le teacht. Idir an nuálaíocht, an infheistíocht agus an dúthracht, ní hamháin go bhfuilimid ag comhlíonadh ár spriocanna inbhuanaitheachta ach ag déanamh athrú ó bhonn ar an mbusiompar in Éirinn.



Réadmhaoin

Lean Bus Éireann leis an infheistíocht in uasghrádú réadmhaoine agus saoráidí le linn 2024, agus leagadh béim mhór ar inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus éifeachtúlacht oibriúcháin.

Faoi thionscadal na ngrianphainéal, suiteáladh beagnach 800 grianphainéal i sé láthair, rud a chuidíonn linn ár gcuid mórspriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú. In 2024 ghineamar 48 GW/h ó fhoinisí gréine.

Rinneadh dul chun cinn mór leis an leictriú ar fhlíit Luimnigh agus cuireadh na chéad 34 bus leictreach dhá urlár ar an mbóthar in 2024. Is garspíoc mhór é sin san aistriú chuig iompar níos glaise.

I nGaillimh, tugadh chun críche an obair ullmhúcháin chun an tionscadal leictriúcháin a dhearadh agus cuireadh tairiscint amach ina leith. Meastar go dtosófar ar an obair thógála in 2025. I gCorcaigh, fuairamar an dara iosta ar léas sealadach in Tivoli, agus tugadh an dearadh agus an tairiscint chun críche in 2024. Tá an obair thógála le tosú ag deireadh 2025 freisin.

Díríodh go mór ar an mbonneagar a fheabhsú: cuireadh 53 tionscadal caipitil chun réadmhaoine a fheabhsú agus 27 tionscadal chun foirgnimh a chothabháil ar bun ar fud láithreacha Bhus Éireann. Áiríodh orthu sin uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí fostaithe agus saoráidí custaiméirí, chomh maith le feabhsuithe a bhain leis an inbhuanaitheacht.

Rinneadh éacht mór go luath in 2024 nuair a osclaíodh Stáisiún Bus Colbert i Luimneach, ina bhfuil saoráidí feabhsaithe do phaisinéirí. I nGaillimh, cuireadh tús le leis an obair atógála ar Stáisiún Bus agus Iarnróid Ceannt, agus beidh an lóistín do bhaill foirne críochnaithe faoi dheireadh 2025.

Tugadh tús áite freisin d'fheabhsuithe ar an inrochtaineacht, agus críochnaíodh trí stad bus inrochtana breise i gCill Chainnigh, sa Mhuileann gCearr agus i bPlás Parnell, rud a chuidigh arís eile leis an taisteal a fhágáil níos éasca ag na paisinéirí go léir.

Comhoibriú

Inár ról mar chuideachta náisiúnta bus na hÉireann, tá Bus Éireann tiomanta do bheith ina shaoránach corparáideach maith, rannpháirtíocht fhairsting a dhéanamh agus caidreamh láidir a chothú.

Comhoibrímid le raon comhpháirtithe agus tá dlúthchaidreamh cothaithe againn le príomhpháirtithe leasmhara mar an Roinn Iompair, lena n-áirítear trínár mballraíocht sa Choiste Stiúrtha Fuinnimh. Bímid ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais ar an Scéim Iompair Scoile, ar iompraíodh níos mó daltaí ná riamh fúithi in 2024.

Bhí áthas ar Bhus Éireann páirt a ghlacadh in imeacht a bhain le Taighde i Réimse an Iompair san RDS i mí Aibreáin, agus d'fhreastail breis agus 4,000 ionadaí tionscail air.

I mí na Bealtaine, tugadh cuireadh do Bhus Éireann teacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar, in éineacht le hoibreoirí eile, chun cur i láthair a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú ag tionscal na mbusanna. Bhí an deis againn aird a dhíriú ar phríomhcheisteanna oibríochtúla, tuiscintí a chomhroinnt, agus cur leis an gcomhrá faoi thodhchaí an iompair phoiblí in Éirinn.

Trínár gcomhpháirtíocht láidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair, bímid ag obair ar na tionscnaimh 'Éire á Nascadh' agus BusConnects a chur i bhfeidhm chun nascacht réigiúnach agus uirbeach a fheabhsú, chomh maith leis an mBeartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta a chur i bhfeidhm.



Chuireamar aighneacht isteach chuig *'Moving Together'*, comhairliúchán poiblí an Rialtais, ina raibh moltaí agus léargas ar conas an brú tráchta a laghdú chun beartas an Rialtais a chur i ngníomh ar bhealach níos éifeachtaí.

Is fochuideachta de chuid CIÉ muid agus dá bhrí sin téimid i gcomhairle leis an gCuideachta Sealbhaíochta agus glacaimid páirt i gcruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha agus na gCoistí, ag comhoibriú le Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaobh iompar inbhuanaithe, gníomhú ar son na haeráide agus an chomhshaoil, soláthar glas agus gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR). Is mór againn ár gcomhlachtaí ionadaíocha fostaithe, ár nGrúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas, agus na grúpaí pobail agus eagraíochtaí poiblí éagsúla a chuidíonn linn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach sábháilte, éifeachtach.

De réir mar a leanann Bus Éireann ag cur lena oibríochtaí agus le scála a chuid seirbhísí, leagaimid tábhacht ar leith ar bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár soláthraithe, go háirithe agus ár mbeartas soláthair ghlais á chur i bhfeidhm againn.

Táimid buíoch as an dlúthchomhar a fhaighimid ón nGarda Síochána, ó na húdaráis áitiúla agus ó ESB, agus muid ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le *Business in the Community Ireland* chun ár gclár oibre um shábháilteacht ar bhóithre agus ár gclár oibre i leith na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.

Gnólacht Freagrach, Gnéithe Pobail agus Gnéithe Sóisialta

Chun ár misean a chomhlíonadh i dtaobh daoine agus pobail a nascadh ar bhealach inbhuanaithe, agus chun cabhrú linn an saol a fheabhsú, ní hé amháin go gcaithfimid seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe den scoth a chur



ar fáil, ach caithfimid páirt ghníomhach a bheith againn sna pobail ina mbímid ag obair. Le linn 2024, leanamar lenár n-iarrachtaí a bheith rannpháirteach leis an bpobal chun tionchar fiúntach a imirt ar fud na tíre.

I nDún Dealgan, leis an bhfeachtas *Fill a Bus* ar mhaithe le Béilí ar Rothaí, d'éirigh linn breis agus 2,000 earra riachtanach a bhailiú chun tacú le daoine atá ar an ngannchuid. Mar thoradh ar Bhailiúchán Uibheacha Cásca, tugadh 120 ubh Chásca d'Ionad Lae na gCaipisíneach. Cúis bhróid eile a bhí ann go ndearna Bus Éireann urraíocht ar Chluichí an Phobail agus gur thacaíomar le *AbleFest*.

Bhí an cuimsiú fós lárnach inár rannpháirtíocht sa phobal, agus thug Bus Éireann urraíocht agus tacaíocht d'imeachtaí Bróid san Uaimh, i gCill Mhantáin, i nDroichead Átha, sa Mhuileann gCearr, i Luimneach, i mBaile Átha Luain, i nDún na nGall, agus sa Chlár. Ag imeacht Bróid Chorcaí, thacaíomar le Paráid Thurais Chorcaí Thuaidh agus le Paráid Chathair Chorcaí.

Ina theannta sin, bhíomar ag obair i ndlúthpháirt le heagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí pobail ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Comhlachas

Tráchtála Luimnigh, *I Love Limerick*, Clann Shíomóin an Iarthair Láir, Turasóireacht Acla, Comhlachas Tráchtála Chathair na Mart, Comhlachas Tráchtála na Sionainne, Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe, Comhlachas Tráchtála Dhún na nGall, agus Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Luain. Léiríomar ár dtiomantas don inrochtaineacht agus don chuimsiú agus muid ag obair i gcomhar le grúpaí seanóirí cosúil le Craoibhín Bhéal an Átha, Grúpa Ban an Chaisleáin Nua, agus Grúpa Ban Dhún na nGall.

Ba mhór an onóir dúinn é – agus ba bhuaicphointe na bliana é – lúthchleasaithe Oilimpeacha na hÉireann a thabhairt ó Aerfort Bhaile Átha Cliath go lár na cathrach i ndiaidh a n-éachtaí móra ag Cluichí Oilimpeacha Pháras 2024. D'éirigh níos fearr le hÉirinn sna cluichí Oilimpeacha ná mar a d'éirigh léi riamh cheana. Bhuaigh na lúthchleasaithe seacht mbonn, rud a bhí ina ábhar mórtais don tír agus ba mhór an onóir é do Bhus Éireann páirt a ghlacadh sa cheiliúradh.

Bailíodh luach níos mó ná €20,000 de bhia ó scoileanna agus ó chomhlachtaí mar chuid den fheachtas *Fill a Bus on Tour* de chuid



Syndrome Ireland, an Cork Midsummer Festival, agus Comhairle na Seanóirí i bPort Láirge.

Oifig na Gaeilge

Leanadh ar aghaidh le feidhmiú na n-oibleagáidí agus na ndualgas atá orainn faoi Scéim Teanga Bhus Éireann. I measc eile, cuireadh comhairle ar na baill foirne faoi chomhlíonadh cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus na rialachán gaolmhar go léir, agus rinneadh faireachán air sin.

Lean Bus Éireann leis an bhfaireachán ar a chaiteachas ar fhógraíocht i nGaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Rinneadh iarracht mhór ar gcaiteachas ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge a mhéadú in 2024 agus tá áthas orainn a thuairisciú gur ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge a caitheadh 6% den bhuiséad fógraíochta.

Ar an drochuair, i bhfianaise na práinne a bhaineann le folúntais a líonadh chun iontaofacht na seirbhíse a chinntiú, sa fhreagra spriocdhíríte a thugamar ar na dúshláin mhóra earcaíochta ar fud an tionscail, níor tugadh tosaíocht mar ba chóir d'fheachtais dhátheangacha. Mar gheall air sin, 11% dár n-ábhar ginearálta margaíochta agus fógraíochta agus ár n-ábhar earcaíochta a bhí i nGaeilge, ach táimid ag obair lena chinntiú go gcomhlíonfaidh gach réimse an spriocmhéid caiteachais in 2025.

Fuaireamar 60 teachtaireacht i nGaeilge tríd an Rannóg Cúraim Custaiméirí agus phróiseálamar breis is 30 aistriúchán Béarla/Gaeilge i rith na bliana. Ar an meán, 30 scéala i nGaeilge a d'fhoilsíomar ar na meáin shóisialta in aghaidh na míosa.

Déanann Bus Éireann a dhícheall an Ghaeilge a chur chun cinn agus ár seirbhísí trí Ghaeilge don phobal a fheabhsú, agus beidh dhá chúrsa Gaeilge ar fáil againn d'fhostaithe sa bhliain amach romhainn.

Bhanc Bia Phort Láirge. Freisin, d'fhoillíodh le teaghlach, bronnadh luach suas le €10,000 de bhréagáin ar Edel House trí fheachtas na mbréagán Nollag.

Dhíríomar i gcónaí ar an iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, rud a baineadh amach le tionscnaimh cosúil leis an tionscadal *Bus in the City* i bPort Láirge, lenar spreagadh daltaí chun úsáid a bhaint as an iompar poiblí agus lenar múineadh dóibh faoi thaisteal sábháilte. I gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, chuireamar an Cárta Leap agus roghanna iompair phoiblí chun cinn ag na Féilte *Open Streets*, agus spreagamar níos mó daoine chun cuairt a thabhairt ar an gcathair gan a bheith ag brath ar charranna príobháideacha. Ag Seó an tSamhraidh i gCorcaigh, labhair Bus Éireann le breis agus 30,000 duine, agus cuireadh eolas ar fáil faoi sheirbhísí, faoi tháillí, agus faoi dheiseanna earcaíochta tiománaithe. Sa Ráth, rinneamar urraíocht ar Ghradam Taistil Inbhuanaithe Fhondúireacht Sheosaimh.

In 2024, ba muidne an comhpháirtí taistil oifigiúil a bhí ag *Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe*, áit ar chuireamar béim ar a thábhachtaí agus atá an taisteal inbhuanaithe do bhreis is 400,000 duine a d'fhreastail ar na himeachtaí. Chomh maith leis sin, chuireamar seirbhís iompair ar fáil chuig imeachtaí móra cosúil leis an bhFéile *All We Have Are Days* i Luimneach, na Sea Sessions i mBun Dobhráin, agus an *Rory Gallagher Festival* i mBéal Átha Seanaidh, chun deis a thabhairt do dhaoine a dtaitníonn ceol leo freastal ar imeachtaí iontacha. Bhí ról lárnach againn freisin sa tacaíocht a tugadh do *Rásaí na Gaillimhe agus don Sligo Live Festival* agus chuireamar roghanna iompair áisiúla, iontaofa ar fáil.

Chuireamar lenár rannpháirtíocht sa phobal trí pháirt a ghlacadh i gcuid de na féilte agus na himeachtaí is mó tóir in Éirinn, lena n-áirítear an *West Waterford Food Festival*, *Winterval Waterford*, *Féile Bia Dhaingean Uí Chúis*, *Rós Thrá Lí*, *Gradam Pobail agus Dheonacha Phort Láirge*, an *Tour de Munster* chun tacú le *Down*



Bhain Bus Éireann amach leibhéal iontach fáis in 2024. Rinneamar os cionn 111 milliún aistear paisinéara chun daoine agus pobail a nascadh ar bhealach inbhuanaithe, rud a chuireann feabhas ar an saol.

Athbhreithniú Airgeadais

Feidhmíocht Airgeadais

In 2024, thuairiscigh Bus Éireann caillteanas airgeadais €4.2 milliún i leith na bliana, méid a bhí níos measa ná an caillteanas €0.7 milliún a taifeadadh in 2023 tar éis míreanna eisceachtúla. Ba é an Tuilleamh Roimh Ús, Dímhéas agus Amúchadh (EBITDA) don bhliain ná -€2.7 milliún, i gcomparáid le €1.5 milliún in 2023.

Amhail an 31 Nollaig 2024, b'fhiú €26.8 milliún glansócmhainní an chlár chomhardaithe, laghdú ó €30.9 milliún in 2023, agus ba é €67.7 milliún luach na nglansócmhainní reatha, i gcomparáid le €66.7 milliún an bhliain roimhe sin. Cuimsíonn na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid arb ionann iad agus €81.6 milliún (2022: €22.3 milliún), a bhaineann le fáiltas iarchurtha agus ioncam iarchurtha i ndáil le deontais agus ioncam caipitil. Níl ceangaltas airgid i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad i gcomhréir le dímhéas na sócmhainne comhfhreagraí. Gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, glansócmhainní reatha €149.3 milliún (2023: €89.0 milliún) atá ag an gCuideachta.

Tháinig ardú mór ar na costais a bhíonn ar an gcuideachta agus tá an fheidhmíocht airgeadais imithe in olcas dá réir. Bhí tionchar ag an méadú ar chostais oibriúcháin ar chatagóirí mórchaitheachais amhail breosla, cothabháil agus fruiú bus.

Tháinig méadú 18.3% ar chostas an bhreosla in 2024, go dtí €39.9 milliún (2023: €33.7 milliún). Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar chostais phárolla tráth atá an chuideachta ar a dícheall ag triail a bheith iomaíoch maidir le daoine oile a mhealladh agus a choinneáil. Tháinig méadú ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go dtí €181.6 milliún in 2024, agus 3,151 fostaí a bhí againn ar an meán, i gcomparáid le €154.3 milliún in 2023 agus meánlón fostaithe 2,932.

In ainneoin costais a bheith ag méadú, tháinig méadú 4.3% ar an ngníomhaíocht ghnó go dtí 111.6 milliún aistear paisinéara. Is ionann é sin agus méadú 4.3% i gcomparáid le 2023. Leanadh ar aghaidh le tionscnamh na dTicéad do Dhaoine Fásta Óga ar na seirbhísí tráchtála in 2024.

Anuas air sin, bhí tionchar ag asbhaintí ar bhonn cáilíocht seirbhíse ar na conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, de bharr deacrachtaí ó thaobh poncúlachta de.

Méadaíodh an Fóirdheontas Dírdhámhachtana OSP de 13% in 2024, mar gheall ar fheidhmiú an chlár 'Éire á Nascadh' den chuid ba mhó. Ina theannta sin, tháinig méadú 16.9% ar an ioncam ón tSeirbhís Iompair Scoile in 2024, i gcomhréir leis na costais, mar gheall ar an méadú mór atá ag teacht ar líon na leanaí a bhaineann leas as seirbhísí iompair scoile.

Caiteachas caipitil €15.5 milliún a rinneamar in 2024, laghdú ó €21.1 milliún in 2023. Cuimsíodh sa chaiteachas sin €4.4 milliún a leithdháileadh le haghaidh Réadmhaoine, €2.6 milliún don Teicneolaíocht, agus €8.5 milliún d'Fheithiclí Leictreacha agus Trealamh Garáiste. Ina theannta sin, fuair an chuideachta cistiú i gcomhair seirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair. Fuarthas €11.0 milliún in 2024, laghdú ó €14.7 milliún an bhliain roimhe sin. Áiríodh leis an gcistiú sin deontais arbh fhiú €2.3 milliún iad san iomlán, méadú ó €1.6 milliún in 2023, a bhí leagtha amach i gcomhair talamh agus foirgnimh ar le ClíE iad. Leis an tacaíocht airgeadais sin, bíonn an chuideachta in ann feabhas a chur ar na seirbhísí dá custaiméirí.

Ionchas Airgeadais

Meastar go mbeidh dúshlán romhainn arís in 2025. Cé nach bhfuil líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Expressway ar ais chuig an leibhéal a bhíodh ann in 2019, tá an bhearna sin fós ag cúngú. Beidh sé ríthábhachtach an Conradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus na conarthaí i leith Oscailt an Mhargaidh Busanna a chur i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla is féidir, chomh maith lena chinntiú go ndéanfar lánchistiú ar an gConradh Dírdhámhachtana. Bhí brú costais orainn ó gach uile thaobh, agus beidh go fóill. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun féachaint chuige go ndéanfaidh an gnó brabús arís in earnáil atá ag éirí níos iomaíche.

Bliain	An tSeirbhís Scoile agus Seirbhísí Tráchtála	OSP	Roimh Mhíreanna Eisceachtúla	Míreanna Eisceachtúla	Brabús/ (Caillteanas)
	€M	€M	€M	€M	€M
2024	(4.2)	0.0	(4.2)	0.00	(4.2)
2023	(0.7)	0.1	(0.6)	0.06	(0.5)



Riosca Straitéiseach

Cur Chuige maidir le Bainistíocht Riosca i mBus Éireann

Áirítear le cur chuige Bhus Éireann maidir le bainistíocht rioscaí féachaint cé na rioscaí nua, na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus na rioscaí atá ag athrú a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a chuspóirí straitéiseacha, measúnú a dhéanamh ar rioscaí chun déine na n-éifeachtaí ar chuspóirí straitéiseacha a thuiscint, rioscaí a chur in ord tosaíochta chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i dtaobh freagraí ar rioscaí, agus freagraí orthu a chur i bhfeidhm ó thaobh glacadh le rioscaí, iad a sheachaint, a leanúint, a laghdú nó a chomhroinnt ar bhonn tosaíochta.

Maoirseacht agus Rialachas Riosca an Bhoird in 2024

Soláthraíonn Bord Bhus Éireann maoirseacht agus úinéireacht ar an bpróiseas bainistíochta rioscaí le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus bíonn an obair sin ailínithe leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Faigheann an Bord tuairiscí riosca tráthrialta ón bhfoireann bainistíochta ar phríomhrioscaí agus rioscaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Leagann an Bord síos an Ráiteas Inghlacthachta Riosca, agus déanann sé faomhadh, ar bhonn bliantúil, ar an gCreat Bainistíochta Riosca, ar an bPlean Bainistíochta Riosca agus ar an gClár Rioscaí. Is éard atá i gceist leis an gcreatphróiseas ná cur i bhfeidhm córasach na mbeartas,

na nósanna imeachta agus na gcleachtais maidir le rioscaí a chur in iúl, a gcomhthéacs a thuiscint, measúnú a dhéanamh orthu, iad a láimhseáil, faireachán, athbhreithniú agus taifeadadh a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Príomhrioscaí Straitéiseacha

Mar chuid dá phróiseas pleanála straitéisí, cinntíonn Bus Éireann go bhfuil sé ag dul in oiriúint do na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a eascraíonn as athruithe ar an timpeallacht oibriúcháin don iompar poiblí in Éirinn. Léirítear sa tábla thíos na príomhrioscaí straitéiseacha atá le sárú ag an gcuideachta i ndáil lena plean straitéiseach (*Horizon 2028*), agus cur chuige na cuideachta maidir leis na rioscaí sin a mhaolú:

Bus Éireann – Príomhrioscaí Straitéiseacha Bhus Éireann

	Cur Síos ar an Riosca	Tionchar ar Cholún Straitéiseach <i>Horizon 2028</i>	Maolú Riosca agus Rialuithe Inmheánacha atá i bhfeidhm
1	Fáil a bheith ar Chistiú/ Acmhainní chun Cuspóirí H28 don Scéim Iompar Scoile a bhaint amach	- Custaiméirí - Daoine agus Cultúr - Inbhuanaitheacht Airgeadais - Seirbhís - CSR	- Pleananna aistrithe atá cistithe agus a dtacaítear leo. - Soiléire, tacaíocht agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chinntiú. - Féachaint le leathnú a dhéanamh ar iostaí. - Tacú go gníomhach le conraitheoirí i gcomhair tionscnaimh soláthair margaidh
2	Inmharthanacht Expressway a bheith ag cur isteach ar phleananna H28	- Custaiméirí - Daoine agus cultúr - Inbhuanaitheacht Airgeadais - Seirbhís - CSR	- Straitéis Expressway H28 a chur i bhfeidhm - Athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh costas agus ar an éifeachtúlacht - Clár na gcóistí nua a chur i bhfeidhm i gcomhair Expressway
3	D'fhéadfadh tionchar a bheith ag pionóis OSP ar bhrabús réasúnta agus ar uaillmhianta H28	- Soláthar Seirbhíse - Inbhuanaitheacht Airgeadais	- Pleananna a chur i bhfeidhm chun an phoncúlacht a fheabhsú, ionas gur lú an baol go ngearrfaí pionóis. - Pleananna ceartúcháin i leith asbhaintí i ndáil le cáilíocht seirbhíse agus pionóis as táillí a sheachaint
4	Conarthaí OSP indéanta chun cuspóirí H28 a bhaint amach	- Soláthar Seirbhíse - Inbhuanaitheacht Airgeadais	- A chinntiú go ndéanfar feidhmiú ardchaighdeán ar chonarthaí - Foireann tairisceana a chur le chéile a bhfuil taithí aici ar an obair sin - An fhoireann forfheidhmithe a fhorbairt - Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chothú
5	Dúshlán Earcaíochta agus Soláthair Margaidh i ndáil le H28	- Daoine agus Cultúr - Soláthar Seirbhíse	- Clár mhear-earcaíochta a fhorbairt - Clár oiliúna a fhorbairt i gcomhair na bhfostaithe - Scileanna nua chun tacú le feidhmiú agus comhlíonadh
6	Gan réiteach teicneolaíochta indéanta a bheith ann i gcomhair seirbhísí cóiste idir-réigiúnacha	- CSR - Soláthar Seirbhíse	- Plean iomchuí a fhorbairt don fhlít busanna agus cóistí - Aistriú flít a chur chun cinn sa slabhra luacha (Astaíochtaí Scóip 3)
7	Ullmhacht an bhonneagair i gcomhair 2030	- CSR - Soláthar Seirbhíse	Leanúint ag féachaint le leathnú a dhéanamh ar iostaí i ndáil leis na foinsí fuinnimh/breoslaí riachtanacha go léir (Leictreachas, Hidrigin, etc.)
8	An cumas a ghabhann le HVO/Bithbhreosla chun an bhearna a líonadh maidir leis na hastaíochtaí a laghdú faoi 2030	- CSR - Soláthar Seirbhíse	- Treochlár na Straitéise Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, agus beartas fuinnimh san áireamh - Deimhniú ISO a choinneáil cothrom le dáta i leith bainistíocht fuinnimh (50001) agus bainistíocht comhshaoil (14001) - Creidmheas i leith astaíochtaí a chur chun cinn le haghaidh fáis agus aistriú córa iompair
9	Nearr/Leachtacht Airgeadais Foriomlán i ndáil le Cuspóirí H28	Inbhuanaitheacht Airgeadais	- Cistiú leordhóthanach, tráthúil a chinntiú don chaiteachas caipitil agus oibriúcháin araon - Féachaint ar fhoinsí cistiúcháin le CIÉ, NewERA agus foinsí seachtracha cistiúcháin
10	Ceanglais i dtaobh na Brabúsachta de le haghaidh H28	Inbhuanaitheacht Airgeadais	A chinntiú go gcomhlíonfaidh BÉ a spriocanna brabúsachta bliantúla mar a leagtar amach in H28 agus sa phlean gnó agus airgeadais cúig bliana.
11	An baol go dtarlódh Cibearionsaí / Sárúithe Sonraí	- Custaiméirí - Daoine agus cultúr - Seirbhís - CSR	- Infheistíocht i gcórais chibearshlándála. - Bainistíocht Leanúnachais Gnó - Beartaí / nósanna imeachta athbhreithnithe - Feasacht agus Oiliúint - Treochlár RGCS a thabhairt cothrom le dáta agus straitéis sonraí a fhorbairt
12	Cistiú a bheith ar fáil do theicneolaíocht/TF chun cuspóirí H28 a bhaint amach	- Custaiméirí - Daoine agus cultúr - Seirbhís - CSR	Infheistíocht i gcórais agus sa teicneolaíocht
13	Éifeachtúlacht Eagrúcháin agus Iomaíochas chun cuspóirí H28 a bhaint amach	- Soláthar Seirbhíse - Inbhuanaitheacht Airgeadais	Chun bheith iomaíoch, ní mór díriú as an nua ar oibriú na seirbhísí
14	Ní mór díriú ar na custaiméirí chun cuspóirí H28 a bhaint amach	- Custaiméirí - Soláthar Seirbhíse	Díriú as an nua ar an sásamh custaiméirí agus ar shaoraidí agus seirbhísí do chustaiméirí

Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach a chur i bhfeidhm i mBus Éireann

Féachann Bus Éireann chuige gur roghnaigh agus gur fhorbair sé na gníomhaíochtaí rialaithe atá riachtanach chun cuidiú leis rioscaí a mhaolú go leibhéil inghlactha maidir le baint amach a chuspóirí straitéiseacha. Bunaíonn Bus Éireann a ghníomhaíochtaí rialaithe ar bheartais agus nósanna imeachta lena leagtar síos an méid a mbítear ag súil leis ó fhostaithe agus nósanna imeachta lena gcuirtear beartais i ngníomh. Ina theannta sin, scrúdaíonn an chuideachta rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar ar an eagraíocht. Cuireann Bus Éireann faisnéis in iúl go himmheánach, lena n-áirítear cuspóirí agus freagrachtaí as bearta rialaithe inmheánacha, chun tacú le feidhmiú an rialaithe inmheánaigh.

Déanann Bus Éireann meastóireacht ar easnaimh sa rialú inmheánach agus cuireann sé in iúl go tráthúil iad do na páirtithe atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus an lucht ardbhainistíochta san áireamh, de réir mar is cuí.

I gcás na gceanglas a bhaineann le hiarmhairtí, rioscaí agus deiseanna i dtaobh na hinbhuanaitheachta nó le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais, déantar iad a chomhtháthú i gcreat bainistíochta rioscaí na cuideachta. I dTuarascáil Inbhuanaitheachta Bliantúil 2023 na cuideachta, a foilsíodh i mí Iúil 2024, tugadh breac-chuntas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hailíniú le croíphrionsabail na gceanglas a leagtar síos sa Treoir ón

Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, lena n-áirítear an cur chuige maidir le Rialachas, Straitéis, Bainistíocht Riosca agus Méadracht/Spríocanna.

Faoin bPlean Rioscaí i leith 2024 a chomhaontaigh an Bord agus an lucht bainistíochta, dearbhaíodh go raibh measúnú á dhéanamh ar na príomhrioscaí go léir agus go raibh bearta maolaithe á ndéanamh chun an leibhéal neamhchosanta ar rioscaí a laghdú. In 2024, chuir Bus Éireann tús le hathbhreithniú iomlán ar na rioscaí atá roimh an gcuideachta agus na deiseanna straitéiseacha le tapú aici i dtaobh *Horizon 2028* a chur i ngníomh.



Faisnéis faoin gCuideachta

An Bord Stiúrthóirí

Miriam Hughes
Brian Bowden
Diarmuid Corry
David Fox
Stephen Hannan
Dermot Healy
Rhona Murphy
Elizabeth Sheehan
Sandra Tunney

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Stephen Kent

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath D07 X2AE

Uimhir Chláraithe

119570

Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna agus í cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

Iniúcháirí Neamhspleácha

Forvis Mazars
Bloc 3, Ionad Fhearchair
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2, D02 A339
Éire

Láithreáin ghréasáin

buseireann.ie
expressway.ie

An Fhoireann Ardcheannaireachta



Stephen Kent, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Ceapadh Stephen ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhus Éireann i mí na Samhna 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ó fhómhar na bliana 2018 i leith. Thosaigh sé leis an gcuideachta mar Phríomhoifigeach Tráchtála in 2013. Roimhe sin bhí Stephen ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta le C&C Group agus roimhe sin arís bhíodh sé ag obair i ról ard bhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods, atá ina chuid de Glanbia plc anois. Tá céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Herriot Watt. Is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é.



Tom Delaney, *Príomhoifigeach Airgeadais*

Thosaigh Tom le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta in 2018, agus tá sé freagrach as soláthar, bainistíocht ábhar, riosca agus comhlíonadh. Tá taithí níos mó ná 25 bliain ar an ard bhainistíocht aige a fuair sé in Éirinn, in Oirthear na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe, agus bhí sé ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach le heagraíochtaí lena n-áirítear Coca Cola, Glanbia, Eir, NAMA, Mazars agus Banc Shasana. Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte é Tom agus tá Máistreacht aige sa Dlí agus sa Rialáil Airgeadais ó Ollscoil Queen Mary, Londain. Tá Teastas sa Bhainistíocht Inbhuanaitheachta Gnó aige ó Ollscoil Cambridge. Bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chomhlachas Rialachais Chorporáidigh na hÉireann idir 2018-2022.



Miriam Flynn, *Príomhoifigeach na Scoileanna*

Tá Miriam i gceannas ar fheidhmiú na Scéime Iompair Scoile do Bhus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais ó 2018 i leith. Roimhe sin bhí Miriam ina Bainisteoir Réigiúnach le freagracht iomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann san iardheisceart. Tá taithí aici freisin ar Sheirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, agus Forbairt Gnó. Tá Baitsiléir Tráchtála ag Miriam ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Diplóma Iarchéime sa Mhargaíocht ó Scoil Ghnó Smurfit, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin Ghrúpa CIÉ tugtha chun críche aici in UCD freisin. Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



Rory Leahy, *Príomhoifigeach Sábháilteachta agus Inbhuanaitheachta*

Ceapadh Rory ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta le Bus Éireann in 2018, agus cuireadh an Inbhuanaitheacht leis an ról sin in 2021. Tá sé freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, as an straitéis agus an beartas inbhuanaitheachta, as bainistíocht rioscaí, as réadmhaoin agus as feidhmíocht fuinnimh. Chuir Rory tús lena ghairm bheatha ag Iarnród Éireann agus bhí poist aige i bhForbairt Gnó, Oibríochtaí agus Bainistíocht Réigiúnach le Bus Éireann. Tá céim ag Rory san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, tá diplóma iarchéime sa Bhainistíocht Comhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Bhainistíocht Oibríochtaí aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aige sa Bhainistíocht Oibríochtaí i réimse an Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.



Danny McCarthy, CPríomhoifigeach Faisnéise

Ceapadh Danny ina Phríomhoifigeach Faisnéise i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba in 2003 a thosaigh sé ag obair le Bus Éireann. Tá sé freagrach as córais faisnéise, as an gclaochlú digiteach agus as straitéis dhigiteach Bhus Éireann ar fud an fhiontair a threorú. Roimhe sin, bhí Danny ina Ceann Teicneolaíochta Faisnéise agus Claochlaithe le Bus Éireann. Agus taithí beagnach 20 bliain aige in iompar poiblí, tá an-eolas ag Danny ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta nua a threorú, ar thionscadail chlaochlaithe a chur i bhfeidhm agus ar thionscnaimh athraithe a threorú. Roimh sin, bhí Danny ag obair le Citibank agus le Kindle Banking Systems. Tá Céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó ag Danny ó Ollscoil Luimnigh, diplóma iarchéime i Logánú Bogearraí ó Ollscoil Luimnigh agus Diplóma i Straitéis agus Nuálaíocht ó Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



Jean O'Sullivan, Príomhoifigeach Daoine

Thosaigh Jean le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach Daoine le linn 2022. Roimhe sin, bhí Jean ina Ceann ar Fhorbairt Eagrúcháin le Fiontraíocht Éireann, agus í freagrach as comhlíonadh na gcuspóirí straitéiseacha chun oibríochtaí ar mhórsála a chur i bhfeidhm agus leathnú a dhéanamh ar raon feidhme cuideachtaí Éireannacha i margaí domhanda. Le linn a gairme 20 bliain le Fiontraíocht Éireann, bhí ról straitéiseacha ag Jean lena n-áirítear Ceann Acmhainní Daonna Domhanda, maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht tallainne agus acmhainní a leithdháileadh ar straitéisí chun tacú le fórsa saothair sofheagrúil domhanda. Tá an-taithí ag Jean freisin ar an bhforbairt gnó ar fud earnálacha tionscail. D'fhorbair agus d'fheidhmigh sí an chéad straitéis fiontraíochta ban de chuid Fhiontraíocht Éireann agus tacaíonn sí go mór le tionscnaimh chun éagsúlacht a chothú san ionad oibre. Is céimí de chuid Ollscoil Napier Dhún Éideann í Jean, agus tá bunchéim aici sa Bhainistíocht Margaíochta agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i Straitéisí Straitéiseacha Acmhainní Daonna ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Allen Parker, Príomhoifigeach Custaiméirí

Thosaigh Allen le Bus Éireann sa ról nua seo in 2018. Tá 30 bliain taithí aige ar iompar bus in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach, fochuideachta de chuid First Group plc, agus ar Citylink. Thosaigh sé a ghairm bheatha le Bus Éireann sna 1990idí, ansin chuaigh sé ar aghaidh go dtí Comfort Delgro agus uaidh sin go First Group plc áit a raibh roinnt ról shinsearach aige. I mBus Éireann, tá Allen freagrach as gach gné de sholáthar seirbhíse agus as feabhas leanúnach a chur ar eispéireas na gcustaiméirí. Cuimsítear leis sin feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht, faisnéis do chustaiméirí agus inrochtaineacht. Tá Céim Baitsiléara san Eolaíocht (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Iompair ag Allen ó Ollscoil Uladh.

An Bord Stiúrthóirí



Miriam Hughes, Cathaoirleach

Ceapadh Miriam ar Bhord Bhus Éireann in 2019 agus ghlac sí ról an Chathaoirligh i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus den Choiste Luacha Saothair, agus tá sí ar bhord CIÉ chomh maith. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í Miriam, agus is stiúrthóir cathaoirligh neamhfheidhmiúcháin í do Eir, Carechoice agus an ASAI faoi láthair. Bhíodh sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn – DDFH&B, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceann Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí ról mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Miriam, agus tá Céim Baitsiléara sa Tráchtáil agus Máistreacht sa Staidéar Gnó i réimse na Margaíochta aici. Is iar-uachtarán í ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, iarchathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, comhalta de bhord Foras Ospíse na hÉireann agus Barnardos na hÉireann.



Brian Bowden

Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách agus ceannaire agus comhairleoir Acmhainní Daonna é Brian. Ag Bus Éireann, tá Brian ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Daoine agus ina bhall den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, Coistí. Tá Brian freisin ar Bhord Lónra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) áit a bhfuil sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Rialachais agus Riosca. Roimhe seo bhí Brian ina Phríomhoifigeach Daoine le Aer Lingus ó 2015 go 2023. Sa ról seo bhí sé i gceannas ar an bhfeidhm Acmhainní Daonna don 5,000 duine a bhí ag obair san aerlíne le freagracht as gach gné do straitéis, beartas agus cleachtas daoine. Bhí Ról shinsearach AD, Rialachais agus Pleanála ag Brian freisin in Aer Lingus agus in áiteanna eile. Is Comhalta de CIPD agus idirghabhálaí creidiúnaithe CEDR é Brian. Tá MBS aige i Straitéis Acmhainní Daonna agus Dioplóma i Rialachas Corparáideach.



Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid Corry ar Bhord Bhus Éireann in 2018 agus athcheapadh é in 2021. Tá Diarmuid ina Chathaoirleach ar an gCoiste Tráchtála agus Nuálaíochta agus ina chomhalta den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haerárthaí agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eiltile don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Tá sé ar bhord Spina Injury Ireland, carthanas. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering. Tá Máistreacht ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó bainte amach aige chomh maith.



David Fox

Is feidhmeannach sinsearach teicneolaíochta faisnéise agus stiúrthóir clár é David, agus ceapadh ar Bhord Bhus Éireann é in 2022. Tá sé ina Chathaoirleach ar an Choiste Inbhuanaitheachta agus ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus den Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta. Chomh maith le bheith ina Phríomhoifigeach Faisnéise do roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear, bhí sé i gceannas ar an iomaí clár claochlaithe gnó ar éirigh go geal leo. Sa ról a bhí aige mar stiúrthóir cleachtais chomhairliúcháin ag Oracle, bhí David freagrach as clár bhilleála teileachumarsáide a chur i bhfeidhm i gcomhair cliant san Eoraip agus sa Mheánoirthear. Faoi láthair tá sé ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Tá Máistreacht ag David sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasáocht ó Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar Bhord Bhus Éireann in 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Stephen in 2021 agus is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Tiománaí bus le Bus Éireann is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé in SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le thar 30 bliain anuas agus ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála lompair agus ar an gCoiste Rannán, agus ina Ionadaí losta. Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ agus tá sé ina stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.



Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy chuig Bord Bhus Éireann ar an 1 Nollaig 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Is comhalta é den Choiste Inbhuanaitheachta agus den Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta. Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag losta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé le CIÉ in 1983 agus bhí róil éagsúla aige lena n-áirítear Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus, sular ghlac sé leis an bpost atá aige faoi láthair mar thiománaí bus in 1991. Tá páirt ghníomhach aige i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid (NBRU) ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraoibhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'fhoireann náisiúnta caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtáí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



Brendan Lenihan

Tháinig tionacht Brendan Lenihan ar bhord Bhus Éireann chun críche ar 4 Aibreán 2024. Le linn a thionacht, bhí Brendan ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird agus ba comhalta é den Choiste Luacha Saothair agus den Choiste Inbhuanaitheachta. Tá Brendan ina Stiúrthóir Bainistíochta le Navigo Consulting, sainchomhairleoir i réimse na straitéise, na pleanála gnó agus na comhairleoireachta faoi chúrsaí rialachais. Is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí príobháideacha, roinnt carthanas agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ina iar-Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá céim Baitsiléara sa Tráchtáil ag Brendan ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Cuntasóirí Cairte é a bhfuil taithí iarcháilíochta níos mó ná 25 bliain aige agus tá Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach aige ó Scoil Ghnó Smurfit, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá Bus Éireann an-bhuíoch de Bhreandán as an méid a rinne sé le linn a thréimhse mar Stiúrthóir, agus go háirithe as a shaineolas agus a abhcóide mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.



Rhona Murphy

Ceapadh Rhona ar Bhord Bhus Éireann í in 2022 agus feidhmíonn sí mar Chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta agus ba chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í go dtí 27 Lúnasa 2024. Bhíodh Rhona ag cónaí agus ag obair roimhe seo i Nua-Eabhrac, Londain agus i Singeapór. Bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le The Daily Beast agus ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach le Newsweek. Roimhe sin bhí sí ina foilsitheoir domhanda le Newsweek, agus bhí sí ag obair le Dow Jones agus leis an Wall Street Journal. Tá sí ina Cathaoirleach faoi láthair ar an gCuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Imscrúdaitheacha (ICIJ) áta lonnaithe i Washington DC. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar The Irish Times DAC chomh maith agus ina stiúrthóir boird ag Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann. Is Stiúrthóir Cairte í ó Institiúid na Stiúrthóirí. Chuir Rhona tús lena gairm sna meáin i Londain ag The Times agus The Sunday Times tar éis di céim a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Elizabeth Sheehan

Is comhairleoir margaíochta agus inbhuanaitheachta, cóitseálaí ceannaireachta agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í Elizabeth Sheehan. D'oibrigh Elizabeth go hidirnáisiúnta agus in Éirinn i gcuideachtaí lena n-áirítear, C&C International, Allied Domecq, Mars, PepsiCo, Irish Distillers & Suntory, áit a raibh ról an Stiúrthóra Margaíochta, Stiúrthóir Nuálaíochta na hEorpa agus Stiúrthóir Inbhuanaitheachta na hEorpa aici. Tá taithí fhairsing aici ar fhás gnó a threorú, cultúr gnó a bhfuil tionchar aige a chur chun cinn agus nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Reáchtálann Elizabeth comhairleacht margaíochta agus inbhuanaitheachta anois ag cur comhairle ar chliant maidir le hinbhuanaitheacht a thiomáint ar fud a straitéise eagraíochtúla agus ag cabhrú le tionchar dearfach a spreagadh agus astaíochtaí carbóin a laghdú dá bharr. Tá sí ina Cathaoirleach freisin ar Ad Net Zero Ireland agus ina comhalta boird neamhfheidhmiúcháin den Údarás um Chaighdeán Fógraíochta Éireann (ASA) ó 2018 áit a bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gcoiste straitéise agus ina comhalta den choiste airgeadais. Oibríonn Elizabeth freisin le daoine aonair agus le heagraíochtaí mar chóitseálaí ceannaireachta agus is í an meantóir modúil í don MSc Margaíochta UCD i scoil Ghnó larchéime Michael Smurfit UCD.



Sandra Tunney

Is ceannaire airgeadais sinsearach í Sandra Tunney a bhfuil taithí aici le breis agus 15 bliana i bpoist ag Leibhéal an Stiúrthóra ar fud Thionscal na Teicneolaíochta, Na 4 Cleachtais Chomhairleacha Cuntasaíochta. Tháinig Sandra isteach sa Bhord ar an 2 Lúnasa 2024 agus ghlac sí post mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 15 Deireadh Fómhair 2024. Chuir sí leis an gCoiste Inbhuanaitheachta freisin. Bhí Ról Dhomhanda Chuntasaíochta aici le haghaidh ilnáisiúnta na Stát Aontaithe a raibh baint acu le FinTech agus le Cibearshlándáil, agus í ag feidhmiú mar bhall dá mBord Stiúrthóirí ar iliomad eintiteas idirnáisiúnta. Bhí sí i gceannas ar chláir athstruchtúraithe feidhm airgeadais rathúla agus thóg sí foirne ardchumais agus bhí sí i gceannas orthu. Mar stiúrthóir cleachtais ag rannán athstruchtúraithe KPMG, bhí Sandra ina speisialtóir i nglacadóireachtaí agus i leachtuithe. Tá céim Bhaitsiléara Eolaíochta céadonóracha ag Sandra sa Luibheolaíocht agus sa Mhicribhitheolaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cháiligh Sandra mar Chuntasóir Cairte agus tá sí ina ball d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Is comhalta í freisin d'Institiúid na Stiúrthóirí, tar éis di an teastas i dTreoir Cuideachta a chríochnú go rathúil.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Príomhghníomhaíochtaí agus Feidhmíocht Airgeadais

Is é Bus Éireann comhlacht náisiúnta bus na hÉireann, a éascaíonn breis is 111 milliún turas gach bliain ar fud na tíre. Is é ár misean daoine agus pobail a nascadh go hinbhuanaithe, ag cabhrú leis an saol a dhéanamh níos fearr. Le meánlíon de 3,078 fostaí le linn 2024, mairimid ár luachanna sábháilteachta agus an custaiméir a chur ar dtús. Táimid tiomanta do sheirbhís iompair den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar, le fócas ar cháilíocht agus ar shábháilteacht.

Tá oidhreacht shaibhir seirbhíse ag Bus Éireann a théann siar beagnach go dtí bunús an Stáit. Sa bhliain 1926, bunaíodh Irish Omnibus Company chun líonra seirbhísí bus ar fud na tíre a fhorbairt faoi chonradh le Great Southern Railways. Le himeacht ama, tháinig forbairt ar an gcomhlacht, agus rinneadh Rannán Paisinéirí Bóthair CIÉ díobh sa deireadh. Tar éis atheagrú CIÉ i 1987, sannadh seirbhísí bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath d'fhochuideachta ar leith, rud a d'fhág gur bunaíodh Bus Éireann. In 2024, rinne an comhlacht ceiliúradh bródúil ar chomóradh 70 bliain Busáras, stáisiún lárnach bus agus cóiste na hÉireann.

Déanann an Bord Stiúrthóirí agus an fhoireann bainistíochta ag Bus Éireann measúnú leanúnach ar fheidhmíocht na heagraíochta trí chreat cuimsitheach de phríomhtháscairí oibriúcháin agus airgeadais. Sa bhliain airgeadais 2024, thuairiscigh Bus Éireann caillteanas €4.2 milliún, laghdú ó chaillteanas €0.7 milliún in 2023, tar éis cuntas a thabhairt ar mhíreanna eisceachtúla. €2.7 milliún diúltach ab ea an Tuilleamh Roimh Ús, Dímhéas, agus Amúchadh (EBITDA) do 2024, i gcodarsnacht le EBITDA dearfach de €1.5 milliún in 2023. Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann glansócmhainní an chlár chomhardaithe agus €26.8 milliún, síos ó €30.9 milliún in 2023, agus d'fhan glansócmhainní reatha réasúnta cobhsaí ag €67.7 milliún i gcomparáid le €66.7 milliún an bhliain roimhe sin.

In ainneoin seirbhísí a bheith ag leathnú agus méadú 4.3% ar líon na bpaisinéirí, bhí méadú suntasach ar chostais na cuideachta i margadh oibriúcháin an-dúshlánach a raibh tionchar diúltach aige ar a feidhmíocht airgeadais. Tá méadú tagtha ar chostais oibriúcháin go príomha mar gheall ar ardú ar chostais ábhair agus seirbhíse, rud a dhéanann difear do chatagóirí móra caiteachais amhail breosla, cothabháil, agus fruiilí bus. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar chostais

phárolla de réir mar a fhéachann an chuideachta le bheith iomaíoch i gcónaí maidir le tallann oile a mhealladh agus a choinneáil. Bhí tionchar breise ag asbhaintí cáilíochta seirbhíse ar chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) a bhaineann le poncúlacht ar na torthaí airgeadais. Tar éis toradh gar-chóimheá in 2023, is trua caillteanas €4.2 milliún a thuairisciú in 2024. Tá sé rithábachtach aghaidh a thabhairt ar dhúshlán chriticiúla costais agus seirbhíse chun a chinntiú go bhfillfidh an gnó ar bhrabúsacht i dtírdhreach atá ag éirí níos iomaíche.

In ainneoin costais a bheith ag ardú, tháinig feabhas leanúnach ar ioncam bosca táillí le linn 2024, agus bhain turais paisinéirí 111.6 milliún amach, agus tháinig méadú 4.3% ar 2023. Tháinig méadú 13% ar ioncam iomlán PSO DAC in 2024, agus é á spreagadh go príomha ag rolladh amach leanúnach sheirbhísí Connecting Ireland. Ina theannta sin, tháinig méadú 16.9% ar ioncam Iompair Scoile in 2024, rud a bhí ag teacht le costais mar gheall ar an ardú suntasach ar líon na leanaí a úsáideann seirbhísí iompair scoile.

Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhu ná a íoc i rith na bliana 2024 (2023: €nialas).

Cúlchistí

B'ionann na caillteanais charntha ag deireadh 2024 agus €67.5m i gcomparáid le €63.3 in 2023.

Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá córais cuimsitheacha i bhfeidhm at Bus Éireann le riosca a bhainistiú. Déantar na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainathint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí againn a thugtar cothrom le dáta ar bhonn leanúnach lena athbhreithniú ag na Stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) athbhreithniú ar na príomhrioscaí ar bhonn leanúnach, agus tuairiscíonn an Coiste sin don Bhord. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus faireachán ar rioscaí rialaithe inmheánaigh agus rioscaí iniúchóireachta freisin.

Bíonn dea-dhálaí inmharthana margaidh ag teastáil ón gCuideachta chun a seirbhísí a choinneáil ar bun. Bhí an Chuideachta fós ag déanamh dlúthfhaireachán ar a hioncam agus costais ar bhonn leanúnach in 2024.

Cuirtear an fhaisnéis is nuaf faoi rioscaí agus deiseanna airgeadais agus geilleagracha faoi bhráid CIR agus Bhord Bhus Éireann ar bhonn rialta. Bíonn an chuideachta ag brath freisin ar chistiú leanúnach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais faoi seach. Ceanglaítear ar an gCuideachta cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le conarthaí ar bhonn tairiscint iomaíoch agus conarthaí ar bith eile a bhronntar.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar fud Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ar leith againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar ghaidh ag feidhmiú.

Infheistíocht Chaipitiúil

In 2024, b'ionann caiteachas caipitil agus €15.5 milliún, laghdú ó €21.1 milliún in 2023. Sa chaiteachas sin bhí €4.4 milliún leithdháilte ar Réadmhaoin, €2.6 milliún ar Theicneolaíocht, agus €8.5 milliún ar Threalamh Feithiclí Leictreacha agus Garáiste. Ina theannta sin, fuair an chuideachta maoiniú caipitil le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) arb ionann é agus € 11.0 milliún in 2024, i gcomparáid le €14.7 milliún in 2023. Áiríodh leis an gcistiú sin deontais €2.3 milliún in 2024, suas ó €1.6 milliún in 2023, atá ainmnithe do thalamh agus d'fhoirgnimh atá i seilbh CIÉ. D'éascaigh na hinfheistíochtaí seo feabhsuithe ar sheachadadh seirbhíse do chustaiméirí na cuideachta.

Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i nóta 15.

Níl fochuideachta ar bith ag an gCuideachta ná níl infheistíocht ar bith aici i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Suim €67.5 milliún atá sna cúlchistí ioncaim (caillteanais charntha) anois ag deireadh 2024, i gcomparáid le €36.3 milliún in 2023.

Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta a thionól de ghnáth uair amháin gach bliain féilire, agus ní bheidh aon chás ann ina dtionólar é níos mó ná 15 mhí tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin. Féadfar an cruinniú a thionól cibé tráth agus cibé áit a fhorordóidh na Stiúrthóirí. Féadfaidh na Stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

Bhí cruinniú ginearálta bliantúil ann ar an 7 Meitheamh 2024, agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil atá beartaithe tarlú in 10 Aibreán 2025.

An Bord

Tá an Chuideachta faoi rialú ag a Bord Stiúrthóirí, a tionóladh ocht n-uaire i rith 2024. Áiríodh leis sin cruinniú speisialta chun síniú an Chonartha nua um Dhámhachtain Dhíreach a údarú, chomh maith le seisiún straitéise a tionóladh i mí na Samhna (tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire in 2023). Chuir an Stiúrthóir Brendan Lenihan críoch lena théarma ar an 4 Aibreán, agus is mian le Bus Éireann a bhuíochas a chur in iúl as an méid a rinne sé leis an mBord, go háirithe mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus mar bhall de na Coistí Luach Saothair agus Inbhuanaitheachta le linn a thréimhse.

Ar an 2 Lúnasa, 2024, cheap an tAire Iompair Stiúrthóirí nua Elizabeth Sheehan agus Sandra Tunney ar an mBord tar éis próiseas earcaíochta iomaíoch tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá áthas ar an mBord tairbhe a bhaint as a gcáilíochtaí agus as a saineolas, go háirithe i réimsí na hInbhuanaitheachta agus an Airgeadais, faoi seach. Tá an bheirt Stiúrthóirí ag feidhmiú mar chomhaltai coiste freisin, agus Sandra Tunney ag glacadh ról mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 15 Deireadh Fómhair, 2024. Cuireann an Bord a bhuíochas ó chroí le Wendy Galbraith as cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcoiste ar bhonn eatramhach ón 4 Aibreán go dtí an 15 Deireadh Fómhair, 2024, agus d'fhan Wendy ina bhall neamhspleách den choiste go dtí an 31 Nollaig, 2024.

Coimeádann an Bord Sceideal Nithe a fhorchoimeádtar dá chinnteoireacht agus Cód Iompair, a gcomhaontaíonn na Stiúrthóirí go léir cloí lena théarmaí. Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin amháin atá ar an mBord reatha, ar Stiúrthóirí Oibrithe iad beirt díobh, faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001. Níl aon Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ar an mBord. Ceapadh an Cathaoirleach reatha, Miriam Hughes, sa ról ar an 6 Aibreán 2022.

Éagsúlacht, Comhionannas agus Uilechuimsitheacht

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí ceathrar ban (44.4%) agus cúigear fear (55.5%) Stiúrthóirí ag Bord Bhus Éireann. Tá an sprioc bainte amach ag Bord Bhus Éireann maidir le 40% d'ionadaíocht ban ar a Bhord mar atá sonraithe sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú leabaithe go hiomlán laistigh de bheartais agus nósanna imeachta na cuideachta, agus tá ionadaíocht ag an mBord ar Ghrúpa Straitéiseach Éagsúlachta na cuideachta, a bhí gníomhach i rith 2024.

Freastal ar Chruinnithe Boird agus ar Chruinnithe na gCoistí

Anseo thíos tá sonraí maidir le tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a reáchtáladh in 2024:

Ainm an Stiúrthóra	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta	An Coiste Inbhuanaitheachta	An Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta	An Coiste Luacha Saothair
Miriam Hughes	8/8	n/a	4/5	n/a	n/a	5/5
Brendan Lenihan*	2/2	2/2	n/a	2/2	n/a	1/1
Diarmuid Corry	8/8	n/a	5/5	4/4	3/4	n/a
Stephen Hannan	7/8	n/a	n/a	4/4	4/4	n/a
Dermot Healy	8/8	n/a	n/a	4/4	4/4	n/a
Brian Bowden	8/8	7/7	5/5	n/a	n/a	3/3
Rhona Murphy**	7/8	4/5	n/a	n/a	4/4	n/a
David Fox	7/8	7/7	4/5	4/4	n/a	n/a
Sandra Tunney***	3/3	2/2	n/a	0/1	n/a	n/a
Elizabeth Sheehan****	3/3	n/a	0/1	1/1	n/a	n/a

* D'éirigh Brendan Lenihan as an mBord ar chríochnú a théarma dó ar an 4 Aibreán 2024.

** D'éirigh Rhona Murphy as an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 27 Lúnasa 2024

*** Tháinig Sandra Tunney isteach sa Bhord ar an 2 Lúnasa 2024

**** Chuaigh Elizabeth Sheehan isteach sa Bhord ar an 2 Lúnasa 2024

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Cinntíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtugtar cosaint chuí do leasanna na scairsealbhóirí agus na ngeallsealbhóirí eile maidir le maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, agus iniúchadh inmheánach agus seachtrach. I gcomhréir lena Théarmaí Tagartha, leasaithe i 2024), déanann sé athbhreithniú freisin ar riosca agus rialachas corparáideach chomh maith le córais lena chinntiú go ndéantar calaois agus éagóir fhéideartha a imscrúdú. Gníomhaíonn sé go neamhspléach ón Fheidhmiúcháin agus bhí comhalta neamhspléach seachtach aige, Wendy Galbraith, le linn 2024.

Pléann CIR cineál agus raon feidhme an iniúchta agus a chuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gcuideachta. Déanann sé faireachán ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí na Cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta.

Tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí a mheas, ní

dóigh le CIR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspléachas an iniúchóra.

Bhí seacht nGnáthchruinniú ag an CIR le linn 2024 (tháinig sé le chéile ocht n-uaire in 2023). Reáchtáil comhaltaí an CIR seisiún dúnta freisin roimh a ghnáthchruinniú an 19 Samhain chun seasamh foriomlán na cuideachta a phlé, le haíonna ar tugadh cuireadh dóibh ón gCoiste Tráchtála agus Nuálaíochta. Ní raibh aon bhall den Fheidhmeannas ná den fhoireann i láthair agus ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcruinniú.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gcoiste in 2024:

Brendan Lenihan	(Cathaoirleach agus comhalta go dtí 4 Aibreán 2024)
Rhona Murphy	(Comhalta go dtí 27 Lúnasa 2024))
Brian Bowden	
David Fox	
Wendy Galbraith	(Comhalta ó 1 Eanáir 2024 go 31 Nollaig 2024 agus Cathaoirleach eatramh ó 4 Aibreán go dtí 15 Samhain 2024)
Sandra Tunney	(Cathaoirleach ó 15 Dheireadh Fómhair 2024)

An Coiste Inbhuanaitheachta

Tá athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis inbhuanaitheachta Bhus Éireann san áireamh i sainchúram an Choiste seo, príomhtháscairí feidhmíochta inbhuanaitheachta agus tuairisciú ina leith, buiséid charbóin, cur le hinbhuanaitheacht an fhlít feithiclí agus an bhonneagair, chomh maith le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, comhpháirtíochtaí agus cistiú. Tá inbhuanaitheacht ina príomhchuid de phleananna Bhus Éireann amach anseo – rinne an coiste athbhreithniú ar Straitéis Inbhuanaitheachta nua na cuideachta i mí na Nollag 2023 agus d'fhaomh an Bord í ina dhiaidh sin.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2024 (ceithre huaire in 2023). Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste in 2024:

David Fox	(Cathaoirleach ó 1 Eanáir 2024)
Brendan Lenihan	(Comhalta go dtí 4 Aibreán 2024)
Diarmuid Corry	
Dermot Healy	
Stephen Hannan	
Elizabeth Sheehan	(Comhalta ó 18 Deireadh Fómhair 2024)
Sandra Tunney	(Comhalta ó 18 Deireadh Fómhair 2024)

An Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta

Áirítear leis an sainchúram atá ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta Bhus Éireann beartais sábháilteachta a fhorbairt, córais bainistíochta sábháilteachta, maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú tionóiscí agus teagmhas, pleananna sábháilteachta a choinneáil cothrom le dáta, plean oibre don straitéis inrochtaineachta agus príomhtháscairí feidhmíochta, agus comhoibriú le gníomhaireachtaí sábháilteachta agus inrochtaineachta. Is réimse tábhachtach oibre don chuideachta é feabhas leanúnach a chur ar thaisteal inrochtana agus chuige sin, thug baill an Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta cuairt ar an Ionad Wayfinding Accessible Travel Centre nua i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath mar chuid dá gcrúinniú i mí na Nollag, chun éisteacht le nuálaíochtaí i dtaisteal inrochtana agus taithí a fháil orthu.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2024 (ceithre huaire in 2023). Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste le linn na bliana:

Rhona Murphy	(Cathaoirleach an Choiste)
Diarmuid Corry	
Stephen Hannon	
Dermot Healy	

An Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta

Bunaíodh an Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta i 2022.

De réir Théarmaí Tagartha an Choiste, is iad na príomhdhualgais agus na príomhchúraimí atá air:

- Maoirseacht phleanála cúig bliana agus straitéis infheistíochta níos fadtéarmaí
- Feidhmíocht oibriúcháin
- Custaiméirí agus cultúr
- Bainistíocht geallsealbhoirí agus clú
- Straitéis nuálaíochta agus teicneolaíochta faisnéise
- Straitéis, feidhmíocht agus inmharthanacht tráchtála.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2024 (cuireadh an séú cruinniú beartaithe i mí na Samhna isteach i gcomhchrúinniú leis an CIR chun saincheisteanna beo comhroinnte a phlé). Chuimsigh sé na Stiúrthóirí seo a leanas i rith na bliana:

Diarmuid Corry	(Cathaoirleach an Choiste)
Miriam Hughes	
Brian Bowden	(Déirigh as 31 Nollaig 2024)
David Fox	
Elizabeth Sheehan	(Comhalta ó 10 Deireadh Fómhair 2024)

An Coiste Luacha Saothair

Bunaíodh an Coiste Luach Saothair in 2022 agus tháinig sé le chéile cúig huaire i rith 2024.

De réir a Théarmaí Tagartha (nuashonraithe in 2024), cuimsítear le sainchúram an Choiste:

- Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
- Luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- Pleanáil comharbais agus forbairt ceannaireachta
- Beartas luacha saothair na cuideachta
- Scórchárta ualaithe
- Pinsin
- Íocaíochtaí foirceanta i gcás daoine den lucht ardbhainistíochta
- Straitéis i leith Daoine
- Acmhainní
- Cultúr agus rannpháirtíocht
- Éagsúlacht agus uilechuimsitheacht

- Dualgais ilghnéitheacha ar nós plean oibre bliantúil a chur le chéile, miontuairiscí cruinnithe coiste a cheadú, oibriú agus idirchaidreamh a dhéanamh de réir mar is gá le gach coiste Boird eile agus aon dualgais nó freagrachtaí eile a chomhlíonadh a tharmligfidh an Bord go sainráite chuig an gCoiste.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas ar an gCoiste Luacha Saothair in 2024:

Brian Bowden (Cathaoirleach an Choiste)

Miriam Hughes

Brendan Lenihan (Comhalta go dtí 4 Aibreán 2024)

Sláinte agus Sábháilteacht

Is príomhthosaíocht don chuideachta é ionad oibre sábháilte a chothabháil, folláine leanúnach na bhfostaithe agus na gcustaiméirí go léir trí chleachtais oibre shláintiúla a chur chun cinn, agus feachtas ar chúrsaí sábháilteachta agus seirbhísí Bhus Éireann á n-úsáid. Cuireann sé seisiúin eolais fholláine rialta ar ábhair éagsúla ar fáil do gach ball foirne i rith na bliana. Ina theannta sin, comhlíonann sé gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Déantar monatóireacht ar rialachas cúrsaí sláinte agus sábháilteachta i mBus Éireann trí Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, a fhaigheann nuashonruithe agus tuairiscí rialta ó bhaill foirne atá ag obair sa réimse seo.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach ponc ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

Taifid Chuntasaíochta

Tá Bus Éireann ar an eolas faoina oibleagáid atá air taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil de réir Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, úsáideann sé córais agus nósanna imeachta cuí, agus fostaíonn sé daoine inniúla chun na córais sin a riar agus a bhainistiú. Is ag oifigí Bhus Éireann i mBaile Átha Cliath 7 atá na taifid chuntais á gcoimeád.

Leasanna Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Is é an tAire Aeráide Comhshaoil agus Cumarsáide a cheapann Stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Miriam Hughes (Cathaoirleach)

Diarmuid Corry

Brendan Lenihan (D'éirigh as 4 Aibreán 2024 ag deireadh a théarma reatha)

Rhona Murphy

Brian Bowden

David Fox

Dermot Healy

Stephen Hannan

Elizabeth Sheehan (Ceaptha 2 Lúnasa 2024)

Sandra Tunney (Ceaptha 2 Lúnasa 2024)

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitíur de chuid na Cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóirí i dtaca le gnó na Cuideachta.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Raon Feidhme na Freagrachta

Adhmaíonn Bord Bhus Éireann agus an Cathaoirleach go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bhus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tugann an Bord ar aird freisin nach féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh earráid ábhartha.

Tuairisc ar na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bord Bhus Éireann go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2024. D'fhormheas Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 27 Eanáir 2025.

Ar iarraidh ó Bhord Bhus Éireann, tá príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm lena léirítear méid agus castacht Bhus Éireann. Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 ná i dTuarascáil an Iniúcháir.

Ba cheart na hábhair neamhchomhlíontacha seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Is €2.83 milliún an caiteachas neamhchomhlíontach in 2024 (Ba €3.29 milliún caiteachas neamhchomhlíontach ag deireadh 2023).

Rinneadh athbhreithniú an Bhoird ar an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach lena chinntiú gur léiriú cruinn é ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe i leith 2024.

Rinne Forvis Mazars, na hiniúcháirí seachtracha, athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chomh maith lena dheimhniú go léirítear ann comhlíonadh cheanglais an Chóid Cleachtais (ailt 1.20 agus 2.7) agus go bhfuil sé ag teacht leis an méid atá ar eolas acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Murab amhlaidh atá, ba cheart don iniúcháir seachtrach tuairisc a thabhairt air sin sa tuarascáil iniúcháir ar an ráiteas airgeadais ábhartha.

Ba iad seo a leanas na céimeanna a glacadh chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú i mBus Éireann agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir a ghlacadh, ar struchtúr é lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe do lucht bainistíochta Bhus Éireann, do Bhord Bhus Éireann agus do Choistí an Bhoird agus do Bhord agus Coistí Boird CIÉ.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus planála ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid leis an mbuiséad formheasta ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha sin ar gach cruinniú de chuid Bhord Bhus Éireann agus ar Choistí an Bhoird lena n-athbhreithniú. Tacaítear leis an bpróiseas sin trí nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó.
- Treoirilínte soiléire chun an caiteachas caipitiúil a fhormheas agus a rialú de réir an Chód Caiteachais Phoiblí/Treoirilínte Bhoneagair. Áirítear leo sin:

ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a dhéanann an Bord a fhormheas i gcomhairle le CIÉ, leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, staidéir mhionsonraithe indéantachta agus breithmheasanna ar mhórtionscadail chaipitiúla aonair sula ndéanann an leibhéal cuí údaráis iad a fhormheas (lena n-áirítear an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcás tionscadail mhóra) agus ullmhú tuairiscí rialta ar an dul chun cinn lena gcur faoi bhráid an lucht bainistíochta. Ní mór páipéar clabhsúir foirmiúil a chur i gcrích i leith gach mórtionscadail chaipitiúil. Déanann Grúpa Stiúrtha Caipitiúil i mBus Éireann an próiseas Caiteachais Chaipitiúil a mhaoirsiú.

- Athbhreithniú córasach a dhéanann Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ ar rialuithe inmheánacha, mar thríú líne chosanta, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí.
- Creat Bainistíochta Riosca agus Córas Bainistíochta Riosca a chur chun feidhme arb é an dara líne chosanta é agus lena soláthraítear ardán in- iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe tar éis do CIR iad a mheas.
- Nósanna imeachta chun déileáil le Comhlíonadh ó thaobh Soláthair de i gcomhréir le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar, rialacha agus treoirilínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ agus Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.
- Tabhairt chun críche an Iniúchta Airgeadais Sheachtraigh (Forvis Mazars) lena n-áirítear athbhreithniú ar an ráiteas ar na córais rialaithe inmheánaigh. Thuairiscigh Forvis Mazars nach meastar gur moltaí bunúsacha iad aon cheann dá gcuid moltaí maidir leis an rialú inmheánach. Is é an sainmhíniú atá ag na hiniúcháirí ar rialú bunúsach ná ceann atá riachtanach chun timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil ar bun sa Chuideachta.
- Creat Comhlíontachta agus Rialála ae an dara líne chosanta laistigh de Bhus Éireann chun cabhrú leis an gcosaint ar an gcéad líne maidir le faireachán ar chomhlíonadh agus athbhreithnithe dearbhairthe cáilíochta. Eisítear tuairisc chomhlíontachta chuig an mBord gach ráithe tar éis do CIR breithniú a dhéanamh uirthi.

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na córais inmheánacha rialú in 2024, lena n-áirítear:
 - ▶ Plean Dearbhaithe Comhlíonta ESG Inbhuanaitheachta CSRD a glacadh leis dr 2024/2025.
 - ▶ Athbhreithniú seachtrach breise ar Chúrsaí Rialachais Chorporáidigh a rinne Rialachas Éireann in 2024, lena n-áirítear meastóireacht Boird mar a éilítear faoin gCód Cleachtais (rinneadh an mheastóireacht sheachtrach is déanaí in 2023).
 - ▶ Tionchar, Riosca agus Deiseanna Tosaigh (IRO) agus Measúnú Ábhartha Dúbailte a chur i gcrích in 2024 i gcomhréir le ceanglais CSRD/ESRS.
 - ▶ Athbhreithniú comhthéacs Beartais Náisiúnta/Ábharthacht Geallsealbhoir nuashonraithe agus measúnú riosca straitéiseach chun aillíniú le plean straitéiseach nua agus plean airgeadais agus gnó rollach nuashonraithe.
 - ▶ Próiseas Príomhtháscairí Riosca (KRI) a thabhairt isteach mar chuid den chóras bainistíochta riosca.
 - ▶ Creat Bainistíochta Riosca Athbhreithnithe do 2024 chun aillíniú le ceanglais CSRD/ESRS.
- Tuairiscítear na príomhrioscaí dóibh seo a leanas: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, Bord Bhus Éireann, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus Bord CIÉ.
- Athbhreithniú Bliantúil ar Thuarascálacha Mionsonraithe maidir le Rioscaí.
- Athbhreithniú ar na hAthbhreithnithe um Dhearbhú Cáilíochta ar mhaithe le rialú inmheánach, a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh.

Ní raibh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais a d'fhág gurbh ann do chaillteanais, teagmhais nó ábhair neamhchinnteachta ábhartha ar ghá iad a nochtadh i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 ná i dTuarascáil an Iniúcháir.

Tá an Bord deimhin de go bhfuil an chuideachta ag forbairt agus ag feabhsú a córais rialaithe inmheánaigh. Is í an aidhm fhoriomlán atá leis sin ná dearbhú éifeachtúlachta níos fearr a sholáthar maidir le comhlíonadh, riosca, agus rialachas corparáideach, chun tacú le gníomhaíochtaí rialaithe agus bainistíochta rioscaí ar an gcéad agus an dara líne chosanta sa chuideachta.

Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2024, agus cuireadh pleananna ceartúcháin i bhfeidhm sa chás ina raibh gá leo:

- Athbhreithniú agus formheas ar chlár na hiniúcháireachta inmheánaí i leith 2024 (arna ullmhú tar éis an phróisis um measúnú riosca iniúcháireachta) agus breithniú ar na mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar an tuarascáil ó na hiniúcháirí seachtracha, ina bhfuil sonraí ar aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad ar na ráitis airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuarascálacha rialta ó Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa, a thug tuairisc rialta freisin ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe seo óna thuarascálacha féin.
- Athbhreithniú ar na Príomhrioscaí a sainathnóadh sa Chreat Bainistíochta Rioscaí agus sa Chóras Bainistíochta Riosca lena soláthraítear ardán iniúchta chun rioscaí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ansin déanann an lucht Bainistíochta measúnú agus athbhreithniú orthu ar bhonn míosúil. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta chun déileáil leo faoi bhráid an Bhoird gach ráithe.
- Cód Cleachtais Comhlíonta: Thug GIA faoi raon iniúchtaí inmheánacha agus thacaigh athbhreithnithe inmheánacha QA agus tuarascálacha ar stádas comhlíonta leo. Rinneadh moltaí mar chuid de chur chuige feabhsúcháin leanúnaigh.
- Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca: Cuireadh tús le hathbhreithniú QA ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar a oiriúnacht don CSRD/ESRS atá ag teacht chun cinn de réir threoirlínte COSO.
- Comhlíonadh PCI DSS: Rinne Worldpay Fianú Comhlíontachta PCI DSS Bhus Éireann i leith 2024 a athbhailíochtú i mí Iúil 2024 agus moladh a rinneadh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Beartais agus Rialachais
- Oibleagáidí faoin gCód Caiteachais Phoiblí/Treoirlínte Bhonneagair: Tá nósanna imeachta nua á nglacadh ag Bus Éireann chun cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí athbhreithnithe ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhlíonadh an Chóid. Rinneadh moladh gur chóir an Beartas agus na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail a nuashonrú.

- Comhlíonadh RGCS: Chun tacú le cur i bhfeidhm mholtaí an iniúchta GIA, cuireadh tús le hathbhreithniú QA in 2024 agus rinneadh dul chun cinn maith ó shin.
- Próiseas Dearbhaithe Comhlíonta ESG Inbhuanaitheachta: Cuireadh tús le próiseas dearbhaithe comhlíonta chun Bus Éireann a ullmhú do riachtanais tuairiscithe chorpáraideacha CSRD/ESRS atá ag teacht chun cinn.
- Oibleagáidí i leith na Gaeilge i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla: Leasaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2022. Beidh Scéim Gaeilge Bhus Éireann i bhfeidhm go dtí go ndéanfar lánachtú ar an mBille leasaithe agus forbrófar beartais agus nósanna imeachta le cur in ionad na Scéime.
- Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird: Mar a luadh thuas, rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach is déanaí ar Éifeachtacht an Bhoird in 2023, de réir riachtanais an Chóid Chleachtais. Rinne comhairleoirí seachtracha Rialachas Éireann meastóireacht Boird i Ráithe 4 2024 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird i mí na Samhna 2024, agus cuireadh plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar roinnt mionréimsí le haghaidh feabhsúcháin.

Measann Bord Bhus Éireann, ar bhonn obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus obair Coistí Boird eile, go raibh rialuithe imleora i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2024 chun na rioscaí a bhain le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go raibh na rialuithe sin á gcur chun feidhme. Sa chás inar aithníodh easnaimh nó bearta feabhsúcháin maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, bhí na bearta ba ghá á ndéanamh ag lucht bainistíochta Bhus Éireann chun aghaidh a thabhairt orthu.

Is féidir le Bus Éireann dul chun cinn a léiriú i ndáil lena chroíphrionsabail, lena n-áirítear rialachas, straitéis, bainistíocht rioscaí agus méadracht agus spriocanna i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar síos faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRS), lena n-áirítear Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta, Rialachas, Straitéis, Bainistíocht Riosca agus Méadracht agus Spriocanna.

Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí

Chun críocha Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí mar a shainítear iad in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí iomchuí'); agus
2. Deimhnímid:
 - (i) Gur ullmhaíodh ráiteas um chomhlíonadh (mar a shainmhínítear é in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid atá iomchuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí ag an gCuideachta.
 - (ii) Gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
 - (iii) Go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Éireann agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe dearbhaithe cáilíochta ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 i ndáil leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríochta go léir atá ann agus is í Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach agus rinne Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhus Éireann athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Éireann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann leis an Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí.

Stádas na Cuideachta

Cláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, mar a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ar an 1 Feabhra 2016.

Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ina dhlí in 2014. An bhliain dár gcionn, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Ahta sin den chéad uair. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin le soláthar seirbhísí iompair scoile don Roinn Oideachais. Faoi Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarrataí Saorála Faisnéise tríd an Roinn Oideachais maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

Brústocaireacht agus Síntiúis Pholaitiúla

Is brústocaire cláraithe é Bus Éireann agus tá a thuairisceáin brústocaireachta ar fáil le feiceáil ar shuíomh gréasáin Lobbying.ie. Níor thug an chuideachta aon síntiús polaitiúil le linn na bliana airgeadais 2024.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Éireann i leith na bliana 2024 ar bhonn gnóthas leantach. Le bonn gnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo. Measann Stiúrthóirí Bhus Éireann gur iomchuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais i leith 2024 á n-ullmhú.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl aon teagmhais thábhachtacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Iniúcháirí

Tar éis próiseas soláthair cuimsitheach, ceapadh Mazars, gnólacht cuntasáiochta cairte agus iniúcháireachta reachtúla (a athbhrandáladh mar 'Forvis Mazars' in 2024), mar iniúcháirí seachtracha do Ghrúpa CIÉ in 2019, tar éis cead a fháil ón Aire Iompair. Rinne Forvis Mazars an t-iniúchadh don bhliain 2024 le toiliú an Aire Iompair, i gcomhréir le hAlt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nochtadh Faisnéise do na hIniúcháirí

A mhéid is eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas:

- níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na Stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Sandra Tunney
Stiúrthóir

Dáta:

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugann na Stiúrthóirí dá n-aire freisin gur síníodh isteach sa dlí le déanaí Acht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála) 2024, a ceapadh chun forálacha rialachais, forfheidhmithe agus rialála in Acht na gCuideachtaí 2014 a fheabhsú agus a neartú.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

Tuarascáil na n-iniúcháirí neamhspleácha

Do Chomhaltaí Bhus Éireann

Tuarascáil ar iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Bhus Éireann (an Chuideachta) dom bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 iniúchta againn a chuimsíonn an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus nótaí na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadaisa leanas:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar an cailteanas don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus,
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *Na Freagrachtaí atá ar an Iniúcháir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúcháirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an HFA leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscimid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíríteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoi gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoi gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorpáraidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Freagrachtaí Faoi Seach

Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí mar atá leagtha amach ar leathanach 42, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinneadh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Na Freagrachtaí atá ar an n-iúchóir as an iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de dtuarascáil ár n-iniúchára.

**Aidhm ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil
ár bhfreagrachtaí dlite dúinn**

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir a chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángthamar.



Tommy Doherty

Ar son agus thar ceann Forvis Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 9 Aibreán 2025

Cuntas Brabúis agus Cailteanaís

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam			
Láimhdeachas oibriúcháin		467,897	403,619
Deontais ioncaim	14(e)	-	40
Fáltais ó na conarthaí Dírdhámhachtana Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Oibritheoirí Bus Trachtála		203,379	180,043
Ioncam iomlán	3	671,276	583,702
Costais			
An párolla agus costais ghaolmhara	4(a)	(181,625)	(167,304)
Costais ábhar agus seirbhíse	5(a)	(492,371)	(414,908)
Iomlán na gcostas		(673,996)	(582,212)
TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla			
Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla	5(c)	-	60
Dímheas agus amúchadh (glan)	5(e)	(4,031)	(4,174)
(Easnamh) roimh ús agus cháin		(6,751)	(2,624)
Ús agus muirir dá shamhail	6	2,658	1,829
Easnamh don bhliain roimh cháin		(4,093)	(795)
Cáin ar an easnamh i leith na bliana	7	(93)	111
Easnamh don bhliain tar éis cánach		(4,186)	(684)

Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Easnamh tar éis cánach don bhliain		(4,186)	(684)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		–	–
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain		(4,186)	(684)

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	8	10,939	10,415
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	45,785	48,125
		56,724	58,540
Sócmhainní reatha			
Stoic	10	5,743	5,232
Féichiúnaithe	11	228,296	170,706
Airgead agus coibhéisí airgid		1,754	1,673
		235,793	177,611
Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	12	(168,072)	(110,892)
Glan sócmhainní reatha		67,721	66,719
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		124,445	125,259
Dlitéanais neamhreatha			
Soláthairtí in aghaidh dliteanas	13	(66,469)	(63,715)
Ioncam iarchurtha	14(a)	(31,220)	(30,602)
		(97,689)	(94,317)
Glan sócmhainní		26,756	30,942
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	94,212	94,212
Cuntas brabúis agus caillteanais – iarmhéid tosaigh	15	(63,270)	(62,586)
Easnamh don bhliain		(4,186)	(684)
Caipiteal gnáthscaireanna iomlán		26,756	30,942

Thar Ceann an Bhoird



Miriam Hughes
Cathaoirleach



Sandra Tunney
Stiúrthóir

Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí	Scair- chaipiteal glaoite €'000	Cuntas brabúis agus caillteanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	94,212	(62,586)	31,626
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(684)	(684)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	94,212	(63,270)	30,942
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	94,212	(63,270)	30,942
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(4,186)	(4,186)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	94,212	(67,456)	26,756

Ráiteas um Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16	54,056	(17,705)
Cánachas		(93)	111
Airgead glan ginte ó/(úsáidte i) ghníomhaíochtaí oibriúcháin		53,963	(17,594)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe	8	(2,465)	(4,247)
Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe	9	(8,655)	(10,996)
Deontais chaipitil a fuarthas	14c	11,949	15,553
Deontais chaipitil aistrithe go CIÉ	14c	(2,284)	(1,575)
Glanshreabhadh airgid úsáidte i ghníomhaíochtaí infheistíochta		(1,455)	(1,265)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
(Méadú)/laghdú ar chomhardú leis an máthair chuideachta	11	(55,085)	17,806
Ús a fuarthas		2,658	1,829
Airgead glan (úsáidte i)/ginte ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(52,427)	19,635
Glan méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		81	776
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		1,673	897
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		1,754	1,673

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim méideanna atá dlite don NTA ó oibriú an Chonartha Ollchostais de réir Nóta 1(e)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímhéas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndéontas caipitil arna bhfáil.

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfaidh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfaidh boinn tuisceana agus meastacháin choigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, cheadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

(b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

(c) Airgeadra eachtrach**(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe**

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais lastigh de chostais 'ábhair agus seirbhísí'.

(d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáлтаis ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(e) Íocaíochtaí agus deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

(i) Íocaíochtaí conarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála (CBO DAC)

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP agus CBO DAC arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Taifeadann Bus Éireann ioncam a ghintear faoin gconradh dámhachtana díri OSP ar bhonn ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a sholáthraítear. Déantar gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Tax saver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí a dháileadh ar an NTA agus ní aithnítear é a thuilleadh i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann. Cuireann Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh OSP a íoctar leis an gCuideachta ar feadh tréimhse amháin i riaráiste.

(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhráithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

(iii) An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (TBESS)

Tugadh an TBESS isteach chun tacú le gnólachtaí le méaduithe ar a gcostais leictreachais nó gáis nádúrtha (fuinneamh). Bhain Bus Éireann leas as seo le linn 2023 agus fuair sé fóirdheontas aitheanta laistigh de dheontais ioncaim i Nóta 14(e)

(f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

(h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le ‘suntasach’ sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(i) Cáin

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le hóc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(I) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2024 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít le linn 2024.

Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2024.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscairthe, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(m) Sócmhainní léasaithe**(i) Léasanna oibriúcháin**

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear iomlán an riosca agus luach saothair a ghabhann le húinéireacht chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(ii) Dreasachtaí léasa

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(iii) Sócmhainní ar Léas an NTA

Aithnítear dreasachtaí a fuarthas chun dul isteach i léas oibríochta mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa.

(n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh.

Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais.

(o) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoh le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

(q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(ii) Dliteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

(r) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

(s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

(t) Sochair d'fhostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearachta agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Plean pinsin le sochar sainithe

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 18.

(u) Caipiteal gnáthscaireanna

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhrí a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe

Braitheann an muirear dímheasa agus amúchta bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlánluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealamh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 8 agus nóta 9.

(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chlár comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

2. Gnóthas Leantach

Bus Éireann – Seasamh Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2024 Bus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2024 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

1. Stad Airgeadais na Cuideachta ag 31.12.24

Amhail an 31 Nollaig 2024, tá glansócmhainní dar luach €26.8 milliún (2023: €30.9 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €67.7 milliún (2023: €66.7 milliún) ag an gCuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €81.6 milliún (2023: €22.3 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil mar nach bhfuil gealltanais i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmháinne. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €149.3 milliún (2023: €89.0 milliún).

2. Conarthaí Dírdhámhachtana Díreach PSO Bhus Éireann

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí pso de réir an Chonartha Dámhachtana Dhírigh le linn 2024 agus oibríonn sé faoi chonradh OSP ar ollchostas. Is ar an NTA atá an fhreagracht as bosca táillí pso agus ioncam paisinéirí eile agus níl an chuideachta faoi réir riosca ioncaim agus níl sí faoi réir buiséid a thuilleadh d'ioncam pso. Rinne Bus Éireann conradh nua OSP cúig bliana leis an NTA ar an 1 Nollaig 2024. I rith 2024 bhí Bus Éireann i mbun idirphlé gníomhach leis an NTA a bhain le maoiniú pso. Tá an maoiniú go léir a theastaíonn do 2024 curtha ar fáil ag an NTA agus comhaontaíodh maoiniú ASC do 2025 ag €242 milliún.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Iompair Scoile

